# Tuarascáil Bhliantúil
## 2023

IAASA
Irish Auditing & Accounting Supervisory Authority

**Séanadh**

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an eolais sa cháipéis seo a chinntiú, ní ghlacann ÚMICÉ aon fhreagracht ná dliteanas, cibé slí a thiocfadh sé chun cinn, as aon earráid, míchruinneas nó easnamh a tharlaíonn.

Coimeádann ÚMICÉ an ceart aige féin aon bheart a dhéanamh, nó gan beart a dhéanamh, a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir na cáipéise seo.

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **FÍS** | | 2 |
| **STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA** | | 3 |
| **ÁR BHFEIDHMEANNA** | | 4 |
| **BUAICPHOINTÍ 2023** | | 5 |
| **CAIBIDIL 1:** | **RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | 6 |
| **CAIBIDIL 2:** | **CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS** | 12 |
| **CAIBIDIL 3:** | **MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA** | 15 |
| **CAIBIDIL 4:** | **MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH** | 18 |
| **CAIBIDIL 5:** | **MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ** | 21 |
| **CAIBIDIL 6:** | **FORFHEIDHMIÚ** | 24 |
| **CAIBIDIL 7:** | **SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA** | 26 |
| **CAIBIDIL 8:** | **FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL** | 29 |
| **CAIBIDIL 9:** | **RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR** | 33 |
| **CAIBIDIL 10:** | **RÁITIS AIRGEADAIS 2022 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA** | 40 |
| **AGUISÍNÍ** | | 70 |
| **GLUAIS** | | 83 |




FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# Fís

Muinín agus iontaoibh an phobail as iniúchóireacht agus cuntasaíocht ar ardchaighdeán

# Misean

Tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach a chothú

# Ár gCuid Luachannas


| Sármhaitheas | Neamhspleachas | Ionracas |
|---|---|---|
| Ár míle dícheall a dhéanamh | Rialáil a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, oibiachtúil | A bheith iontaofa agus ómósach |



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# Snáitheanna agus Straitéisí

*CLICEÁIL CHUN IOMLÁN A THAISPEAINT.*



# ÁR BHFEIDHMEANNA

Glacann ÚMICÉ caighdeáin maidir **le hiniúchóireacht, le heitic ghairmiúil,** agus **le rialú cáilíochta inmheánach** le haghaidh iniúchóirí reachtúla

Déanann ÚMICÉ maoirsiú ar chomhlíontacht aonaid liostaithe áirithe leis na **caighdeáin tuairiscithe corparáideacha** agus **le ceanglais dlíthiúla an AE** ina dtuarascálacha airgeadais bhliantúla agus leathbhliana

Déanann ÚMICÉ maoirsiú ar an gcaoi a ndéanann comhlachtaí cuntasaíochta **maoirseacht ar iniúchóirí reachtúla** agus mar a dhéanann comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe **monatóireacht agus rialáil** ar bhaill

Déanann ÚMICÉ cigireacht ar **cháilíocht na hoibre iniúchóireachta** arna déanamh ag iniúchóirí ar eintitis leasa phoiblí in éirinn

Déanann ÚMICÉ **cigireachtaí ar neamhrialatachtaí a bhfuil amhras fúthu** agus iniúchóireachtaí leasa phoiblí á ndéanamh, chomh maith le fiosrúcháin maidir le sáruithe nósanna imeachta ó CCFanna agus CCAanna.

# MAIDIR LEO SIÚD AR A nDÉANAIMID RIALÚ

**6**
CHOMHLACHT CUNTASAÍOCHTA FORORDAITHE (CCF) Á MAOIRSIÚ, AR COMHLACHTAÍ CUNTASAÍOCHTA AITHEANTA (ccanna) IAD

**3**
CINN ACU FREISIN

**7**
NGNÓLACHT INIÚCHÓIREACHTA AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ (ELP) IAD, A DHÉANANN INIÚCHÓIREACHT AR **575** ELP

**88**
EISITHEOIR AITHEANTA FAOIN LUCHT SCRÚDAITHE UM THUAIRISCIÚ AIRGEADAIS, LENA GCUIMSÍTEAR **21** EISITHEOIR COTHROMAIS, **7** NEISITHEOIR CISTÍ IATA AGUS **60** EISITHEOIR FIACHAIS

**1,059**
GNÓLACHT INIÚCHÓIREACHTA REACHTÚIL IN ÉIRINN

**43,321**
COMHALTA DE CCFANNA SA GHNÓ AGUS SA CHLEACHTAS



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# BUAICPHOINTÍ 2023

Scrúdaíodh **43 tuarascáil chorparáideacha**

Eisíodh **treoirlínte do CC**A anna maidir le faomhadh agus clárú iniúchóirí

Rinneadh cigireacht ar **31 iniúchadh ELP**

Críochnaíodh **athbhreithniú téamach** ar fud na 6 CCF ar ghnéithe de chórais **Imscrúdaithe** agus **Araíonachta**

Reáchtáladh **seimineár gréasáin le ÚMICÉ** ar a dhréachtchaighdeán um dhearbhú inbhuanaitheachta: **ISSA 5000**

**Cliceáil chun seinnt**

Seoladh **feachtas feasachta poiblí** chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir a fhostú atá rialaithe ag comhlacht cuntasaíochta forordaithe

**Cliceáil chun seinnt**

Seoladh **dhá fhíseán chorparáideach**a chun léiriú a dhéanamh ar cé muid féin agus ar an obair a dhéanaimid in ÚMICÉ

**Cliceáil chun seinnt**

Baineadh leas as cumhachtaí den chéad uair chun iniúchtaí a imscrúdú nuair is cuí nó ar mhaithe le leas an phobail é sin a dhéanamh, agus tugadh dian-iomarduithe agus **gearradh fíneálacha troma €30,000** ar an iomlán.

Seachadadh **tionscnamh maidir le dearcthaí páirtithe leasmhara,** chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar dhearcadh ár bpáirtithe leasmhara ar ÚMICÉ

Rinneadh athbhreithniú agus méadú ar **bheartais AD** lena chinntiú go mbíonn ÚMICÉ ina fhostóir a thugann rogha i gcónaí.

# 1

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDH-MEANNAIGH

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



## Réamhrá

**Is í seo an 18ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid ÚMICÉ (an tÚdarás). Is cúis áthais dom í a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, de réir alt 928(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'). In Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, déantar achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás le linn 2023 chun a mhisean a chomhlíonadh. Tugtar níos mó sonraí faoi na gníomhaíochtaí sin sa chuid eile den Tuarascáil seo. Sa Ráiteas seo, leagfaidh mé amach na gníomhartha rialachais a rinne an bord agus leagfaidh mé amach freisin an comhthéacs straitéiseach reatha ina bhfeidhmíonn sé.**

## Rialachas

Tháinig bord an ÚMICÉ le chéile ar bhonn rialta in 2023. Mar chuid den idirghníomhú leanúnach leis an bhfeidhmeannas, déantar cur i láthair domhain ar réimsí ábhartha d'oibríocht an ÚMICÉ ag gach cruinniú boird, ag dul trí ghníomhaíochtaí éagsúla an ÚMICÉ ar a seal. Déantar é seo chun tuiscint níos doimhne a bheith ag comhaltaí boird ar ghníomhaíochtaí an ÚMICÉ agus chun deis a thabhairt do phlé níos eolaí a dhéanamh ar bheartas agus ar chúrsaí straitéiseacha a bhaineann leis an mbord. Tá céimeanna glactha ag an mbord freisin chun a rannpháirtíocht dhíreach le foireann an ÚMICÉ a mhéadú, trí líon níos mó cruinnithe a reáchtáil ag áitreabh ÚMICÉ i gCill Dara agus trí fhreastal ar imeachtaí foirne ar nós an cheiliúrtha luachanna bliantúil chomh maith.

Shocraigh an bord athbhreithniú a dhéanamh ar sceideal na n-ábhar atá curtha in áirithe ag an mbord toisc nach ndearnadh an sceideal reatha a fhaomhadh le tamall. Ag deireadh na bliana bhíothas tar éis coiste a ceapadh chun tabhairt faoin tasc seo.

## Athbhreithniú rialachais

Go luath in 2023, thug an bord faoi athbhreithniú cuimsitheach arna éascú go seachtrach ar a chleachtais agus a phróisis féin. Rinneadh an t-athbhreithniú sin trí mheascán de cheistneoirí agus agallaimh duine le duine. Cé gur leag torthaí an tionscadail béim ar an mbord mar bhord ardfheidhmíochta, rinne an t-éascaitheoir roinnt moltaí oibriúcháin agus straitéiseacha freisin. Ina measc siúd, bhí bonneagar rialachais, feidhmíocht agus maoirseacht, comhréireacht agus faisnéis maidir leis an mbord, dinimic agus cultúr, agus rannpháirtíocht an bhoird. Tá bearta déanta ag an mbord chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm chun tuilleadh ardfheidhmíochta a bhaint amach.

Ar leithligh, d'fhéach an bord ar a phleanáil comharbais féin agus ar a chumas pleanáil a dhéanamh sa chomhthéacs seo. Thug an bord faoi deara na paraiméadair shrianta faoina bhféadfaidh an bord tionchar a imirt, toisc go bhfuil struchtúr an bhoird comhdhéanta d'ainmnithe comhaltaí agus ainmnithe Aire. Mar sin féin, thángthas ar an gconclúid gur féidir leis an mbord féachaint le tionchar a imirt trí bhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm, agus féachfaidh sé leis sin a dhéanamh le haghaidh folúntais atá le teacht, lena n-áirítear ról an Chathaoirligh ag deireadh 2024.

## Inbhuanaitheacht

Mar is léir ó chuid mhaith de thuarascáil na bliana seo, beidh tionchar forleathan ar obair an Údaráis ag tuairisciú inbhuanaitheachta agus, go háirithe, ceanglais na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD). Ba bhliain ullmhúcháin í 2023, den chuid is mó, de réir mar a forbraíodh caighdeáin tuairiscithe agus dearbhaithe, agus reachtaíocht Eorpach tugtha chun críche. Ag breathnú chun cinn, feicfimid an chéad tuairisciú corparáideach go luath in 2025, agus dearbhú inbhuanaitheachta ina dhiaidh sin, dearbhú teoranta ar dtús ach leis an uaillmhian bogadh chuig dearbhú réasúnta laistigh de fhráma ama gearr. Tá ÚMICÉ ag cur acmhainní ar fáil dó féin agus ag cur breisoiliúna ar fáil le bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin rialála a sholáthraíonn an reachtaíocht. Leanaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar fhorbairt treorach gaolmhar chun tuiscint níos doimhne a thabhairt dár ndaoine ar an réimse casta seo. Táimid meabhrach freisin ar an gcomhthéacs polaitiúil ar leibhéal na hEorpa, agus na toghcháin pharlaiminteacha Eorpacha atá le teacht agus athruithe ón gCoimisiún a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar mhóiminteam an tionscadail seo. Is cuma cén toradh a bheidh ar an bpróiseas toghcháin, beidh athrú bunúsach ar thuairisciú agus ar dhearbhú corparáideach sna blianta atá romhainn, agus beidh an mhuinín a sholáthraíonn an rialáil éifeachtach seo ríthábhachtach dá rath.

## Saincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn

Tugann ballraíocht ÚMICÉ ar Bhord IFIAR mar a phléitear thíos, chomh maith lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta, léargas ar fhorbairtí straitéiseacha agus ar conas is féidir leo todhchaí an tuairiscithe agus an iniúchta corparáidí a mhúnlú. Chomh maith le hinbhuanaitheacht, ba í an fhorbairt shuntasach eile le linn 2023 ná IS, go háirithe IS giniúnach. Ag tosú le haipeanna comhrábhunaithe, tá sé seo ag bogadh faoi dhlús go dtí réimsí airgeadais, agus d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige ar thuairisciú corparáideach, ar iniúchadh agus ar dhearbhú. Ceann de na bacainní is mó ar a dhul chun cinn is ea cineál reatha na gcaighdeán rialála, go háirithe caighdeáin iniúchóireachta, agus sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, beidh ar thuairisciú agus ar iniúchadh corparáideach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomh maith leis an bpoitéinseal a bhaineann le IS giniúnach a threisiú.

Tá IS giniúnach ar cheann de raon saincheisteanna a bhfuil an ghairm chuntasaíochta agus iniúchóireachta ag tabhairt aghaidh orthu faoi láthair. B'fhéidir gurb é an príomhdhúshlán ná mealltacht na gairme a chothabháil agus a mhéadú do chuntasóirí reatha agus amach anseo. I roinnt tíortha, tá laghdú ag teacht ar líon na mac léinn a bhaineann céim amach sa chuntasaíocht, agus i roinnt tíortha is meath géar é. Bhí mealltacht na gairme ar cheann de na téamaí lárnacha ag cruinniú iomlánach bliantúil IFIAR in 2023, agus in éineacht lena chomhghleacaithe domhanda, admhaíonn ÚMICÉ go bhfuil ról le glacadh ag rialachán maidir lena chinntiú go bhfanann an ghairm mar rogha agus go n-aithnítear a luach don tsochaí.

## Rannpháirtíocht idirnáisiúnta

Tacaíonn bord ÚMICÉ go láidir le rannpháirtíocht idirnáisiúnta ag leibhéal an AE trí CCEFI agus fochoistí éagsúla de chuid ESMA, agus ar fud an domhain chomh maith trí bhallraíocht IFIAR. Soláthraíonn siad seo eolas feabhsaithe don Údarás ar fhorbairtí iniúchta agus tuairiscithe, chomh maith le ligean do ÚMICÉ tionchar a imirt ar bheartas agus ar rialáil.

Toghadh ÚMICÉ ar bhord IFIAR in 2021, agus ó shin i leith tá sé rannpháirteach i gcruinnithe boird chun obair IFIAR a chur chun cinn maidir le cáilíocht iniúchóireachta domhanda a chur chun cinn. I mí Aibreáin 2023, toghadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚMICÉ Kevin Prendergast mar Leas-Chathaoirleach ar IFIAR ar feadh théarma dhá bhliain. Ligeann an ról seo don Údarás rochtain dhíreach a bheith ag an eagraíocht ar cheannaireacht ghnólachta iniúchóireachta domhanda, chomh maith le rochtain ar cheannairí dearbhaithe agus riosca. Ina theannta sin, in am trátha, beifear ag súil go nglacfaidh sé le ról an Chathaoirligh. Is mór an chreidiúint a thoghadh dá chomhghleacaithe sa ÚMICÉ a chuireann le grúpaí oibre, tascfhórsaí agus ceardlanna, as a mbaineann siad féin tairbhe shuntasach chomh maith. Déanfaidh ÚMICÉ ceardlann Chigireachta IFIAR a óstáil in 2024.

Chuir pearsanra an Údaráis freisin le hobair an CCEFI ag leibhéal iomlánach agus ag leibhéal foghrúpa. Go háirithe, bhí ÚMICÉ ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa monatóireachta margaidh a dhréachtaigh an tríú tuarascáil monatóireachta margaidh iniúchóireachta reachtúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, atá le foilsiú go luath in 2024. Chuidigh baill foirne ÚMICÉ freisin le forbairt agus mionchoigeartú na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta, go príomha trí bhallraíocht den fhochoiste teicniúil a chuidíonn le EFRAG ar cuireadh de chúram air Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha a fhorbairt.

## Athruithe boird

Chuaigh téarmaí triúr stiúrthóirí, Clodagh Hegarty, Aisling Kennedy, agus Ronan Nolan in éag i rith na bliana. Ceapadh an athuair iad go léir le haghaidh téarmaí breise. Rinneadh na ceapacháin athnuaite, chomh maith le ceapacháin bheirt stiúrthóirí eile, Sandra Davey agus Eida Mullins a ndeachaigh a dtéarmaí in éag díreach tar éis dheireadh na bliana, a chéimniú chun a chinntiú gur féidir leanúnachas boird a choinneáil trí athrú bainistithe amach anseo. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le comhaltaí uile an bhoird as a n-athcheapacháin agus táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leo.

## Tuairimí scoir

Mar is léir ó mo ráiteas féin agus sa chuid eile den tuarascáil seo, tá ÚMICÉ ar thús cadhnaíochta maidir le forbairtí in iniúchóireacht agus cuntasaíocht, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh tuairisciú inbhuanaitheachta linn go luath, agus tiocfaidh athrú paraidím leis sa chaoi a ndéanann cuideachtaí feidhmíocht a thomhas. Tá muinín agus iontaoibh an phobail as an tuairisciú sin ag brath ar na gairmithe atá i mbun na hoibre seo a bheith faoi réir rialacháin chuí. Tá sé seo ag teacht le fís ÚMICÉ féin mar atá leagtha amach ar leathanaigh tosaigh na tuarascála seo.

> *Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo ní mór do ÚMICÉ leanúint ar aghaidh ag éabhlóidiú agus ag dul i bhfeidhm ar thasc an fheabhsúcháin leanúnaigh. Baineann ÚMICÉ é seo amach trí nuálaíocht a chur ina chroílár agus trí thiomantas dá luachanna sármhaitheasa, ionracais agus neamhspleáchais.*

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo ní mór do ÚMICÉ leanúint ar aghaidh ag éabhlóidiú agus ag dul i bhfeidhm ar thasc an fheabhsúcháin leanúnaigh. Baineann ÚMICÉ é seo amach trí nuálaíocht a chur ina chroílár agus trí thiomantas dá luachanna sármhaitheasa, ionracais agus neamhspleáchais. Mar is léir i dtuarascáil na bliana seo, déanann ÚMICÉ an tasc seo i gcónaí. In 2023 amháin, rinne ÚMICÉ suirbhé cuimsitheach ar dhearcthaí na bpáirtithe leasmhara, sheol sé feachtas meán sóisialta ag cur béime ar na buntáistí a bhaineann le bheith i do chuntasóir rialaithe, sheol sé dámhachtainí luachanna inmheánacha féin don fhoireann, agus bhain sé aitheantas amach ar an ardán idirnáisiúnta. Agus rinneadh é sin go léir agus é ag ullmhú do ag oibriú chuig theacht an CSRD agus ag leanúint lena thascanna rialála iomadúla a dhéanann maoirseacht ar iniúchóireacht reachtúil, ar thuairisciú corparáideach agus ar ghairm na cuntasaíochta.

Soláthraíonn bord ÚMICÉ tacaíocht láidir don cheannaireacht agus d'fhoireann ÚMICÉ go ginearálta, ag coinneáil maoirseacht straitéiseach ar a chuid oibre agus ag soláthar dúshlán agus eagna de réir mar is gá. Táim faoi chomaoin ag mo chomhbhaill bhoird go léir as an obair chrua a rinne siad roimh agus le linn freastal ar chruinnithe boird, agus ar fhochoistí ÚMICÉ freisin. Lena dtuiscint agus a ndíograis, is éasca go mór mo ról mar Chathaoirleach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire agus lena fhoireann sa Roinn. Teastaíonn dlúthchomhar idir an rialtóir agus an rialtas láir chun beartas iomchuí a fhorbairt agus reachtaíocht a dhréachtú. Is é mo thuairim go bhfuil caidreamh ÚMICÉ leis an Roinn ina shamhail den chaoi ar cheart don chaidreamh seo oibriú agus den mheas ar cheart a bheith ann ar obair a chéile agus ar chomhoibriú ar ábhair chomhleasa. Is cúis mhór bróid dom féin agus do mo chomhbhaill ar an mbord an t-aitheantas atá léirithe ar Phríomhfheidhmeannach ÚMICÉ ag a chomhghleacaithe domhanda in IFIAR. Oibríonn sé féin agus a chomhghleacaithe ar fhoireann cheannaireachta ÚMICÉ go dian dícheallach chun tacú lenár sainchúram reachtúil, agus táimid buíoch as



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

a n-ionchur agus as an meas atá acu ar ár gcuid oibre chun iad a choinneáil cuntasach. Ní bheadh an méid seo ar fad san áireamh gan dúthracht agus gairmiúlacht fhoireann ÚMICÉ, grúpa den scoth a bhfuil ardmheas acu ar a sármhaitheas agus a n-ionracas, chomh maith le neamhspleáchas an dearcadh a thugann siad ar a gcuid oibre.

Seo mo bhliain deiridh mar Chathaoirleach ar ÚMICÉ, ról atá agam ó dheireadh 2016. Le linn mo théarma, tháinig athruithe suntasacha ar ÚMICÉ agus tugadh aghaidh ar dhúshláin idir Brexit agus COVID. Tá sainchúram na heagraíochta leathnaithe chuig caighdeáin iniúchta a eisiúint agus, le déanaí, tuairisciú agus dearbhú inbhuanaitheachta a dhéanamh, agus ag an am céanna torthaí suntasacha forfheidhmithe a bhaint amach. Ba phribhléid dom a bheith i gceannas ar an mbord le seacht mbliana anuas agus fágfaidh mé an ról sásta leis an eolas go leanfaidh sé ar aghaidh ag soláthar na leibhéil is airde cáilíochta agus feidhmíochta, mar is cuí, agus táim an-bhródúil as.

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**25 Aibreán 2024**

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



## Réamhrá

**Is é cuspóir an athbhreithnithe seo forléargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis in 2023. Tá gníomhaíochtaí ÚMICÉ spreagtha ag a chlár oibre trí bliana, ar cheadaigh an bord an leagan reatha in 2022 agus a chlúdaíonn an tréimhse 2023-2025. Tá an clár seo mar bhonn le plean gnó bliantúil an ÚMICÉ. Léirítear na straitéisí, na snáitheanna agus na cumasóirí laistigh den chlár sa phlean bliantúil, agus mar aon lenár ndualgais reachtúla, tá siad ina bpríomhspreagthaí do ghníomhaíochtaí ÚMICÉ. Tá siad seo go léir ceaptha i gcomhthéacs fhís agus bhunchuspóir ÚMICÉ mar a leagtar amach sa tuarascáil seo. Leagtar amach go mion i gcorp na tuarascála mar a chloíomar leis an bplean gnó, chomh maith le gníomhaíochtaí éagsúla eile ar tugadh fúthu. Tá roinnt buaicphointí sa tuarascáil ó gach réimse gníomhaíochta. Tugtar achoimre ghairid ar an obair sin san athbhreithniú seo.**

## Suirbhé ar dhearcadh páirtithe leasmhara

Sula gcuirfidh mé m'athbhreithniú i láthair, ba mhaith liom aird a tharraingt ar an gcéad tionscadal de chuid an Údaráis maidir le dearcadh na bpáirtithe leasmhara a rinneadh in 2023. Bhí an cinneadh an cleachtadh seo a dhéanamh bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar ár bhfís, agus dá réir sin, ar an ngá le measúnú a dhéanamh maidir le cibé an raibh iontaoibh agus muinín ag an bpobal as ár gcuid oibre mar rialtóir. Le linn na pleanála, bhí a fhios againn nach raibh ardphróifíl againn i measc an phobail i gcoitinne, agus ní haon ionadh é sin, agus díríodh ár suirbhé orthu siúd a rialaímid ar bhonn anaithnid mar sin, agus ar pháirtithe leasmhara eile chomh maith.

Léiríonn anailís ar thorthaí an tsuirbhé go bhfuil cáil láidir ar ÚMICÉ i measc a phríomhpháirtithe leasmhara, agus tá dearcthaí dearfacha le feiceáil i ngach réimse a ndearnadh suirbhé orthu. Léirigh freagróirí ardmheas ar ghníomhaíochtaí rialála ÚMICÉ. Léiríodh meas ar a chuir chuige cinnteoireachta agus measadh go raibh a luachanna léirithe iontu, lena n-áirítear a neamhspleáchas, a chothroime, a ghníomhaíochtaí láidre, agus a chinnteoireacht chomhsheasmhach.
Ar na príomhláidreachtaí ar tugadh suntas dóibh, bhí neamhspleáchas, saineolas foirne, inrochtaineacht agus luachanna soiléire ÚMICÉ. Feictear go bhfuil ÚMICÉ éifeachtach chun a bhunchuspóir agus a phríomhstraitéisí a bhaint amach,

Lorgaíomar moltaí freisin maidir le conas a d'fhéadfaimis feabhsú. I measc na bhfeabhsuithe a moladh bhí na cleachtais is fearr a scaipeadh, cur chuige comhréireach rialála riosca-bhunaithe ÚMICÉ a fheabhsú, tráthúlacht a fheabhsú, agus tuilleadh treorach a sholáthar do chuntasóirí agus d'iniúchóirí. Rinneamar na freagraí ar an suirbhé seo a mheas agus cuirfimid roinnt feabhsuithe i bhfeidhm ar ár gcur chuige rialála.

## Príomhghníomhaíochtaí

I rith 2023, d'eisigh ÚMICÉ caighdeán iniúchta athbhreithnithe ISA (Éire) 600 ar ráitis airgeadais an ghrúpa i rith na bliana seo. D'fhoilsigh sé nóta treorach athbhreithnithe freisin maidir le tuairisciú don Údarás Forfheidhmithe Corparáideach. Ar bhonn níos leithne maidir le caighdeáin, bhí ÚMICÉ gafa go mór le hathbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar an gcaighdeán dearbhaithe inbhuanaitheachta atá beartaithe, go náisiúnta agus trí CCEFI. D'óstáil sé seimineár freisin maidir leis an gcaighdeán molta seo i gcomhar leis an gcomhlacht idirnáisiúnta a shocraíonn caighdeáin, an IAASB.

Chríochnaigh ÚMICÉ a shraith treoirlínte do na sé Chomhlacht Cuntasaíochta Aitheanta agus eisíodh treoirlínte maidir le faomhadh agus clárú i rith na bliana. Tá na treoirlínte seo mar bhunús lenár rialáil ar na CCAanna agus cuireann siad ionchais shoiléire ar fáil ó ÚMICÉ maidir leis an gcaoi ar cheart do CCA a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, as a bhfuil an fhreagracht deiridh ar ÚMICÉ. Dhírigh cuairteanna maoirseachta ÚMICÉ ar CCAanna ar na céimeanna tosaigh de láimhseáil gearán, agus rinneadh athbhreithniú téamach freisin ar na céimeanna breise in imscrúdú agus smacht.

Ó thaobh athbhreithniú ar thuairisciú corparáideach de, scrúdaigh an fhoireann 39 tuairisc bhliantúla agus ceithre thuarascáil leathbhliantúla. Go príomha, is iad eisitheoirí fiachais agus cothromais sainchúram an Údaráis. Mar thoradh air seo, thug 15 eisitheoir 56 gealltanas chun tuairisciú corparáideach a fheabhsú amach anseo. Is é seo gnáthchur chuige an Údaráis maidir le réiteach a fháil ar cheisteanna den sórt sin, cé go bhfuil an chumhacht aige agus san am a chuaigh thart, ceanglaíodh ar eisitheoirí fógraí ceartaitheacha a fhoilsiú agus, uaireanta, ráitis airgeadais a tharraingt siar agus a atheisiúint. Níor ghá na cumhachtaí sin a úsáid in 2023. Dhírigh an tÚdarás go háirithe ar fhógraí poiblí faoi ghealltanais um neodracht ó thaobh fuimmimh de ó eisitheoirí. Chuir foireann ÚMICÉ go mór le forbairt an Choimisiúin Eorpaigh ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta agus ar cháilíocht tuairiscithe corparáidí níos leithne trí bhallraíocht ar fhoghrúpaí teicniúla.

Bhí na seacht ngnólacht iniúchóireachta a thagann faoi rialú díreach ÚMICÉ faoi réir iniúchta bliantúil thar 31 comhad iniúchta ELPanna chomh maith le ceithre réimse gnólachta bainistíochta cáilíochta. In 2023, dhírigh an t-aonad cáilíochta iniúchta ar chur i bhfeidhm ISQM (Éire) 1 den chéad uair, an caighdeán nua ar bhainistiú cáilíochta, agus bhí na torthaí ardaithe i ngach réimse a ndearnadh cigireacht orthu. Beidh sé seo ina fhócas amach anseo. Tá baint mhór ag baill AQU le gníomhaíochtaí CCEFI agus IFIAR, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar Thascfhórsa Oiliúna CCEFI. Rinne an fhoireann a cruinniú faisnéise bliantúil den choiste iniúchta a óstáil leis i mí Dheireadh Fómhair, an ceann is rathúla fós ó thaobh tinrimh de.

Maidir le forfheidhmiú, socraíodh líon mór imscrúduithe leanúnacha in 2023. Socraíodh sé chomhaontú socraíochta ar an iomlán, cúig cinn díobh a bhain le comhpháirtithe iniúchóireachta agus ceann eile a bhain le gnólacht iniúchóireachta. Tugtar faoi na himscrúduithe seo de réir phróiseas forfheidhmithe faoi stiúir ÚMICÉ, rud a chothaíonn éifeachtúlachtaí suntasacha. Is ionann na sé shocrúchán a comhaontaíodh i mbliana agus breis agus 30% de na

gníomhartha forfheidhmithe ar fad i stair an Údaráis. Mar léiriú ar an rath seo, cuireann an tAbhcóide Sinsearach Forfheidhmithe i láthair go rialta dá comhghleacaithe idirnáisiúnta maidir le taithí forfheidhmithe na hÉireann.

Leanann ár bhfoireann seirbhísí corparáideacha ar aghaidh lenár dtacaíochtaí d'oibríochtaí ÚMICÉ a chruthú agus a fhorbairt, le leasuithe suntasacha ar bheartais AD a léiríonn ár mbealach nua oibre tar éis COVID, éifeachtúlachtaí sa chóras áirithinte taistil, cur i bhfeidhm iomlán a phacáiste cuntasaíochta nua, agus roinnt feabhsuithe TFC lena n-áirítear athbhreithniú slándála. Tá ÚMICÉ ag laghdú a lorg fisiceach ina chuid oifigí sa Nás agus tá an tAonad Seirbhísí Corparáideacha i gceannas ar an tionscadal seo.

Chomh maith le bheith i gceannas ar an tionscadal um dhearcthaí páirtithe leasmhara, thug Forbairt Eagraíochta faoi raon tionscadal in 2023 chun fís agus bunchuspóir ÚMICÉ a bhrú chun cinn. Áiríodh orthu sin feachtas meán sóisialta inar leagadh béim ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir rialaithe a úsáid, rud as ar tháinig aiseolas agus rannpháirtíocht an-dearfach. Chruthaigh ÚMICÉ ábhar meán ina mínítear cé muid féin agus an obair a dhéanaimid, ag díriú ar chultúr agus luachanna. Agus thacaíomar a thuilleadh leis na luachanna seo trí laethanta nuabhunaithe i halla an bhaile, scéim aitheantais luachanna agus raon gníomhaíochtaí sóisialta agus folláine don fhoireann trínár gcoistí foirne.

## Focail scoir

Ní thugann an t-athbhreithniú seo ach réamhbhlaiseadh ar fhairsinge na ngníomhaíochtaí ar thug ÚMICÉ fúthu in 2023. Tugtar faoin obair seo anois i gcomhthéacs fhís, bhunchuspóir agus luachanna ÚMICÉ, a ndearnadh iniúchadh, athbhreithniú agus athscríobh orthu go léir le cúpla bliain anuas. Le chéile, tugann siad cuspóir do ÚMICÉ, agus tacaíonn siad le gach rud a dhéanann an tÚdarás, ó chláir oibre agus pleananna gnó a dhréachtú chuig tascanna a chur i gcrích ó lá go lá. Tá siad agus beidh siad i gcónaí lárnach i ngach a ndéanaimid.

Gach bliain, bíonn cúraimí agus dúshláin nua roimh ÚMICÉ, agus ní haon eisceacht 2023. Mar is léir ó ábhar na tuarascála, cuireann tuairisciú inbhuanaitheachta sraith iomlán nua de fhreagracht ar an Údarás ar fud a shainchúraim ar fad, agus caithfear tabhairt faoi go leor de na dúshláin sin i bhfíor-am agus muid ag ullmhú don chéad bhliain de thuairisciú agus dearbhú corparáideach. Tá sé seo anuas ar na tascanna atá againn cheana féin, áit a gcuireann an fócas ar cháilíocht a fheabhsú brú ar an Údarás, agus ar fhoireann agus bord an Údaráis freisin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe seo go léir as a dtacaíocht dom i mbliana ó toghadh mar Leas-Chathaoirleach ar IFIAR, fóram domhanda na rialtóirí iniúchóireachta, mé. Bhí an vóta sin bunaithe go mór ar an aitheantas ar obair ardchaighdeáin mo chomhghleacaithe ina róil laistigh de ÚMICÉ agus ina rannchuidiú le grúpaí oibre agus tascfhórsaí IFIAR chomh maith. Baineann ÚMICÉ leas díreach as mo ról agus as an obair seo maidir le rochtain agus léargas níos fearr a fháil ar fhorbairtí iniúchóireachta domhanda atá ríthábhachtach chun rialáil chuí gnólachtaí iniúchóireachta domhanda a chinntiú.

> *Thug Forbairt Eagraíochta faoi raon tionscadal in 2023 chun fís agus bunchuspóir ÚMICÉ a bhrú chun cinn. Áiríodh orthu sin feachtas meán sóisialta inar leagadh béim ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir rialaithe a úsáid, rud as ar tháinig aiseolas agus rannpháirtíocht an-dearfach*

Leanann ÚMICÉ d'fhoireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil, agus is léiriú air sin ár rathúlacht san earcaíocht in 2023. Mar a tugadh faoi deara sa tuarascáil seo, leagann ÚMICÉ an-tábhacht ar thimpeallacht oibre dhearfach thacúil a chruthú a ligeann don fhoireann an mianach atá iontu a bhaint amach. Iarrtar go leor orthu agus a róil á gcomhlíonadh acu i dtaca le rialáil agus tacaíocht. Táim buíoch díobh go léir agus don bhord a thacaíonn leis an Údarás tabhairt faoin tasc casta agus dúshlánach seo.

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**25 Aibreán 2024**

# 2

# CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS

# **CAIBIDIL 2:** CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Caighdeán agus Beartais:

- caighdeáin iniúchóireachta, eiticiúla, agus rialaithe cáilíochta a ghlacadh maidir le hiniúchóireacht reachtúil in Éirinn
- cibé treoir agus caighdeáin dearbhaithe a eisiúint a mheasann ÚMICÉ is cuí
- rannchuidiú le forbairt bheartas ÚMICÉ ar ábhair rialála agus eile

## 2. Forbairtí suntasacha

Tar éis comhairliúchán poiblí, d'eisigh ÚMICÉ Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) 600 Breithnithe Speisialta – Iniúchtaí ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (lena n-áirítear Obair Iniúchóirí Comhpháirte) athbhreithnithe i rith na bliana. Tá feidhm ag an gcaighdeán athbhreithnithe maidir le hiniúchtaí ar ráitis airgeadais grúpa i leith na dtréimhsí dar tús an 15 Nollaig 2023.

Thug ÚMICÉ 15 Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) cothrom le dáta freisin chun leasuithe comhréireacha a léiriú mar gheall ar ghlacadh na gcaighdeán bainistíochta cáilíochta ag ÚMICÉ i mí na Nollag 2021. Leagtar amach in Aguisín V liosta iomlán de na caighdeáin nuashonraithe.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚMICÉ nóta treorach nuashonraithe maidir le Tuairisciú don Údarás Forfheidhmithe Corparáideach, le tagairt nuashonraithe ag eascairt as reachtaíocht nuashonraithe agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire).

I rith 2023, lean ÚMICÉ ar aghaidh ag dul i gcomhairle go gníomhach le piaraí, páirtithe leasmhara agus bunaitheoirí caighdeán idirnáisiúnta. Áirítear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin breathnóireacht a dhéanamh ag cruinnithe Ghrúpa Comhairleach Teicniúil FRC, páirt a ghlacadh i bhFoghrúpa CCEFI um Chaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta agus rannchuidiú le freagairt CCEFI ar chomhairliúcháin arna n-eisiúint ag ÚMICÉ agus IESBA. I measc na cumarsáide le páirtithe leasmhara seachtracha bhí nuachtlitreacha (Meitheamh 2023 agus Meán Fómhair 2023) maidir le forbairtí le déanaí agus seimineár gréasáin i gcomhar leis an IAASB ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhú Inbhuanaitheachta (ISSA 5000) atá beartaithe.

Chuir ÚMICÉ litreacha tráchta faoi bhráid an IAASB mar fhreagra ar a gcomhairliúcháin ar ISSA 5000, an Caighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta beartaithe maidir le hiniúchadh ar eintitis nach bhfuil chomh casta, fianaise iniúchta (ISA 500) agus gnóthas leantach (ISA 570). D'fhreagair ÚMICÉ freisin do chomhairliúcháin IAASBanna agus IESBAanna maidir lena straitéis bheartaithe agus lena bpleananna oibre do 2024-27.

## 3. Aird ar dhearbhú inbhuanaitheachta

Leagtar amach sa Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) rialacha uile-AE maidir le tuairisciú bliantúil ar chúrsaí inbhuanaitheachta ag cuideachtaí móra, ag eintitis mhóra leasa phoiblí (ELPanna) agus ag FBManna liostaithe (gan micri-eintitis a áireamh). Beidh tuairisciú inbhuanaitheachta faoi réir ráthaíochta arna dhéanamh in Éirinn ag iniúchóirí reachtúla a bheidh faofa freisin chun gníomhaíochtaí dearbhaithe inbhuanaitheachta a dhéanamh in Éirinn.

D'eisigh an IAASB réamhdhréacht dá Chaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhú Inbhuanaitheachta 5000 (ISSA 5000), Ceanglais Ghinearálta maidir le Ceangaltais um Dhearbhú Inbhuanaitheachta molta, le haghaidh comhairliúcháin i mí Lúnasa 2023. Tá curtha in iúl ag an gCoimisiún Eorpach gur dócha go nglacfaidh sé ISSA 5000 lena úsáid san AE le leasuithe iomchuí chun ceanglais CSRD a léiriú. Tá go dtí Deireadh Fómhair 2026 ag an gCoimisiún chun é sin a dhéanamh.

Chun tacú le feasacht ar dhearbhú inbhuanaitheachta in Éirinn agus le caighdeán a nglactar leis go hidirnáisiúnta a chur i bhfeidhm sa réimse seo, d'eisigh ÚMICÉ a nuachtlitir speisialta dírithe ar thuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú agus reáchtáladh seimineár gréasáin i gcomhar leis an IAASB maidir leis an ISSA 5000 atá beartaithe. Chuir ÚMICÉ isteach a fhreagra ar chomhairliúchán an IAASB, chomh maith le cur leis na freagraí arna gcur isteach ag IFIAR agus an CCEFI.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Forbairt CIlanna (Éire) agus treoracha gaolmhara**<br><br>**Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh**<br><br>**Scaipeadh an dea-chleachtais** | ➔ Eisíodh ISA (Éire) 600 athbhreithnithe agus páipéar aiseolais gaolmhar<br>➔ Leasuithe comhlíontachta do chaighdeáin bhainistíochta cáilíochta arna bhfoilsiú chun éascaíocht a dhéanamh d'iniúchóirí le húsáid Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.<br>➔ Nóta treorach nuashonraithe maidir le tuairisciú don CEA<br>➔ Óstáladh trí chruinniú den Phainéal Comhairleach Teicniúil |
| **Éisteacht a fháil**<br><br>**Nuálaíoch** | ➔ Ballraíocht ghníomhach ar fhoghrúpa caighdeáin CCEFI<br>➔ Eisíodh trí nuachtlitir maidir le caighdeáin<br>➔ Seimineár gréasáin ar dhréacht ISSA 5000 leis an IAASB<br>➔ Cuireadh le forbairt fhreagraí CCEFI ar chomhairliúcháin i leith iniúchóireachta a d'eisigh IAASB agus IESBA<br>➔ Cuireadh isteach freagra amháin ó ÚMICÉ ar chomhairliúcháin IAASB agus dhá fhreagra ar chomhairliúchán IESBA |



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# 3

# MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA HINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# **CAIBIDIL 3:** MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA HINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍ

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta Rialála agus Faireachán:

- maoirsiú a dhéanamh ar an mbealach a rialaíonn na CCFanna a gcuid comhaltaí, lena n-áirítear feidhmiú a bpróiseas imscrúdaithe agus araíonachta
- maoirsiú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na CCAnna na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh maidir leis na hiniúchóirí reachtúla agus na gnólachtaí iniúchóireachta atá formheasta agus cláraithe acu faoin Acht:
    - formheas agus clárú
    - oideachas leanúnach
    - córais dearbhaithe cáilíochta agus
    - córais araíonachta imscrúdaithe agus riaracháin
- comhoibriú lena gcomheagraíochtaí san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile agus le húdaráis eile sa tír seo agus san Aontas Eorpach
- comhairle a chur ar an Aire maidir le hábhair a bhaineann le gairm na cuntasaíochta

Leagtar amach in Aguisín III CCFanna faoi shainchúram ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2023 agus tuarascálacha arna n-eisiúint chuig CCFanna le linn 2023

## 2. Forbairtí suntasacha

Ag leanúint ar aghaidh ó na hathbhreithnithe ceadúnaithe in 2022, d'eisigh ÚMICÉ comhairliúchán in 2023 maidir le treoirlínte formheasa agus clárúcháin do CCAanna, agus iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta á gceadúnú. Eisíodh treoirlínte deiridh in 2023 agus ba é an 1 Meitheamh 2024 an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm. Leagtar amach sna Treoirlínte do Chomhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta le cur i bhfeidhm ar a bhfeidhm formheasta agus clárúcháin i leith Iniúchóirí Reachtúla agus Gnólachtaí Iniúchóireachta príomhphrionsabail chun CCAanna a threorú. Áirítear leo siúd a chinntiú go bhfuil próiseas iarratais agus measúnaithe éifeachtach i bhfeidhm acu, a chinntiú go bhfuil iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta reachtúla i dteideal formheasa agus go bhfuil dea-cháil orthu, a chinntiú go bhfuil an clárúchán tráthúil agus cruinn agus go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas go leanúnach. Tá treoirlínte eisithe anois do gach feidhm rialála iniúchóireachta reachtúla arna ndéanamh ag CCAanna. Chuir an tÚdarás trí chuairt mhaoirseachta i gcrích maidir leis na céimeanna tosaigh den phróiseas gearán. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás athbhreithniú téamach i gcrích ar chéimeanna breise de na córais imscrúdaithe agus araíonachta ar fud na CCFanna a chlúdaigh toradh imscrúduithe trí na córais achomhairc atá i bhfeidhm.

I rith 2023, bhí ceardlanna rialta ar siúl le CCAanna le haghaidh rannpháirtíochta ar an CSRD. Sa chomhthéacs seo, d'eisigh an tÚdarás litir chuig Príomhfheidhmeannaigh na CCAanna go léir ag cur síos ar ionchais an Údaráis maidir le forálacha idirthréimhseacha a áirítear sa CSRD d'iniúchóirí reachtúla a faomhadh roimh an 1 Eanáir 2024 nó a bhí, ar an 1 Eanáir 2024, ag dul faoi phróiseas ceadaithe an iniúchóra reachtúil agus ar mian leo a bheith ceadaithe freisin mar sholáthraithe dearbhaithe inbhuanaitheachta. Leanfaidh an tÚdarás ag obair leis na CCAanna, leis an Roinn agus leis na fóraim Eorpacha éagsúla chun ceanglais an CSRD a chur i bhfeidhm.

## 3. Aird ar Fhógra alt 931

Mar thoradh ar chuairt mhaoirseachta ar cheadúnú ar chomhlacht cuntasaíochta aitheanta (CCA), tugadh faoi deara nár cuireadh gach moladh ó chuairt cheadúnaithe roimhe seo i bhfeidhm go cuí agus tugadh torthaí comhchosúla faoi deara. I mí an Mheithimh 2023, d'eisigh ÚMICÉ fógra i scríbhinn chuig an CCA seo de réir a chumhachtaí faoi alt 931(2), ag ordú don CCA:

1. foirmeacha iarratais do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair a nuashonrú chun a chinntiú go mbailíonn na foirmeacha na sonraí go léir a éilítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014 maidir leis an iarratas ar fhormheas;
2. rialuithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na sonraí go léir a thuairiscítear don ÚMICÉ cruinn; agus
3. fianaise i scríbhinn a sholáthar do ÚMICÉ maidir le comhlíonadh leis an bhfógra.

Ba é seo an chéad uair a d'úsáid an tÚdarás a chumhachtaí faoin bhfo-alt seo. Dheimhnigh an CCA gur chloígh sé go hiomlán leis an bhfógra agus lena thréimhse críochnaithe trí mhí. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil sa suíomh gréasáin seo a leanas: Eisíonn ÚMICÉ fógra faoi Alt 931(2), Acht na gCuideachtaí 2014

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Formhaoirseacht ar ghairm na cuntasaíochta** | → Tugadh trí chuairt mhaoirseachta ar CCAnna<br>→ Rinneadh breithniú agus ceadú ar 18 bhaisc de dhoiciméad bunreachtúla<br>→ Rinneadh breithniú agus faomhadh ar 10 n-athnuachan Iniúchóra Tríú Tír (TCA), 60 nuashonrú Iniúchóra Tríú Tír ar fhaomhadh, agus baineadh 3 Iniúchóir Tríú Tír<br>→ Freastalaíodh ar 3 chruinniú coiste d'fhoghrúpa CCEFI<br>→ Eisíodh Fógra Alt 931 |
| **Tacú le comhlachtaí cuntasaíochta maidir lena bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh** | → Reáchtáladh cruinniú comhchéime duine le duine de chuid CCF agus CCA chun dul i ngleic le gach Bord CCF/CCA maidir le téamaí agus dúshláin chomónta |
| **Scaipeadh an dea-chleachtais** | → D'eisigh sé sonraí staidrimh ar ghairm na cuntasaíochta agus na hiniúchóireachta san fhoilseachán Próifíl an Ghairm 2022<br>→ Rinneadh athbhreithniú téamach ar thoradh imscrúduithe ar chéimeanna achomhairc de chórais imscrúdaithe agus araíonachta CCFanna.<br>→ Eisíodh treoirlínte ceadúnaithe ar fheidhmíocht CCAanna maidir le faomhadh agus clárú iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta<br>→ Litir a eisiúint chuig CCAanna ag cur síos ar ionchais an Údaráis maidir le forálacha idirthréimhseacha a eascraíonn sa CSRD.<br>→ Bileoga eolais foilsithe ar an bpróiseas láimhseála gearán i CCAanna |
| **Éisteacht a fháil** | → Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear an Roinn, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus FRC maidir le cúrsaí maoirseachta<br>→ Rinneadh cur i láthair ag imeacht ballraíochta de chuid CCF |
| **Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú** | → Cruthaíodh leathanach gréasáin tiomnaithe chun cabhrú le Iniúchóir Tríú Tír maidir le clárúchán, lena n-áirítear nuashonruithe ar Cheisteanna Coitianta<br>→ Rinneadh nuashonrú ar an bpróiseas chun nuashonruithe agus athnuachan Iniúchóir Tríú Tír a chur isteach<br>→ Rinneadh mionchoigeartú ar an bpróiseas ar líne chun fógra scoir iniúchóirí a chur isteach<br>→ Rinneadh teimpléad an tuairisceáin bhliantúil CCA a mhionchoigeartú chun bailiú comhsheasmhach sonraí rialála ábhartha a chinntiú |

# 4

# MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH

# **CAIBIDIL 4:** MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta um Thuairisciú Corparáideach:

- scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha bliantúla agus leathbhliantúla de chuid eintitis liostaithe áirithe agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair a bhraitear cásanna neamh-chomhlíontachta
- comhoibriú le forfheidhmitheoirí cuntasaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh
- comhoibriú a dhéanamh chun na hinbhuanaitheachta agus na gcaighdeán um thuairisciú airgeadais a fhorbairt
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair chuntasaíochta
- Leagtar amach in Aguisín VI na heisitheoirí ar fad atá laistigh de shainchúram forfheidhmithe cuntasaíochta ÚMICÉ.

## 2. Forbairtí suntasacha

In 2023, rinne an tÚdarás scrúdú ar 43 airgeadais, ar thuarascálacha bliantúla 39 díobh agus ar thuarascálacha airgeadais leathbhliantúla iad 4 díobh (féach Aguisín II). Rinneadh scrúdú ar 82 cás ar leith, agus thug 15 eisitheoir 56 gealltanas ar an iomlán don Údarás chun an tuairisciú a fheabhsú i dtréimhsí amach anseo. Bhain an réimse ba mhó inar soláthraíodh gealltanais le hathbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó mar a cheanglaítear le Rialacháin na Treorach um Thrédhearcacht. I measc na réimsí eile a raibh gealltanais mar thoradh orthu bhí riosca athraithe aeráide, IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: nochtadh, agus IAS 8 Athruithe ar Mheastacháin agus Earráidí Cuntasaíochta—Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta.

D'fhoilsigh ÚMICÉ 6 chinneadh a rinneadh maidir le láimhseáil chuntasaíochta ar ráitis airgeadais ceithre eisitheoir.

Anuas air sin, d'fhoilsigh an tÚdarás roinnt páipéar in 2023:

- Achoimre ar chinneadh maidir le tuairisciú airgeadais
- Toradh na scrúduithe ráitis airgeadais a críochnaíodh in 2022
- IFRS 13 *Tomhas Luach Cóir* – iarratais ar fhaisnéis
- Rialacháin Trédhearcachta – iarratais ar fhaisnéis
- Tuairimí ar shaincheisteanna roghnaithe maidir le tuairisciú airgeadais – blianta dar chríoch an 31 Nollaig 2021 nó dá éis
- Foilsiú cinneadh tuairiscithe airgeadais – Irish Continental Group plc

Lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht shuntasach, tríd an Údarás Eorpach um Margaí Urrús (ESMA), lena chontrapháirtithe Eorpacha forfheidhmithe cuntasaíochta. Ghlac sé páirt ghníomhach i dtascfhórsaí agus i bhfoghrúpaí a bhfuil baint acu le tuairisciú inbhuanaitheachta, rioscaí aeráide i ráitis airgeadais agus cuntasaíocht ag eintitis airgeadais agus árachais. In 2023, dhírigh na grúpaí seo ar an athbhreithniú iar-chur chun feidhme ar IFRS 9, cur i bhfeidhm IFRS 17 Conarthaí Árachais, agus ábhair inbhuanaitheachta.

### Rannpháirtíocht le ESMA ar chúrsaí inbhuanaitheachta

Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i ngrúpaí Eorpacha ábhartha maidir le hábhair inbhuanaitheachta agus tionscadail lena n-áirítear:

- rannchuidiú le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le tuairisciú neamhairgeadais agus rioscaí aeráide i ráitis airgeadais
- cuidiú le ESMA a Threoirlínte beartaithe ar Fhorfheidhmiú Faisnéise Inbhuanaitheachta (GLESI) a dhréachtú
- páirt a ghlacadh i staidéar ar nochtadh a bhaineann le cúrsaí aeráide i ráitis airgeadais bhliantúla 2022 eisitheoirí Eorpacha, a d'fhoilsigh ESMA an páipéar 'The Heat is On' dá bharr.
- páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna maidir leis an Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí
- rannchuidiú le Comhthosaíochtaí Forfheidhmithe Eorpacha ESMA a bhaineann le ráitis neamhairgeadais

## 3. Aird ar an Treoir um Thrédhearcacht agus inbhuanaitheacht

Lean an tÚdarás ag díriú ar thuairisciú inbhuanaitheachta ina chuid scrúduithe arna ndéanamh in 2023. Dhírigh ÚMICÉ, go háirithe, ar fhógraí poiblí faoi ghealltanais um neodracht ó thaobh fuinnimh de ó eisitheoirí agus thug sé dúshlán na n-eisitheoirí sin ar thrí phríomhghné: na bealaí sonracha chun na spriocanna aeráide sin a bhaint amach, an neamhchinnteacht maidir lena gcumas na spriocanna sin a bhaint amach, agus cuntasaíocht a dhéanamh ar ghealltanais ar bith a éiríonn. Rinne ÚMICÉ breithniú ar nochtaidh a rinneadh ó dhá dhearcadh: (i) an pheirspictíocht chuntasaíochta faoi IAS 37 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha agus (ii) Rialacháin na Treorach um Thrédhearcacht, go háirithe, Rialachán 5(4)(c)(ii).

In dhá scrúdú, bhain ÚMICÉ an tátal as gur cheart nochtuithe breise a chur san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta lena chinntiú gur cuireadh athbhreithniú cothrom agus cuimsitheach ar fhorbairt ghnó an eisitheora i láthair. Mar thoradh ar scrúdú amháin, a cuireadh i láthair ag an nGrúpa Oibre um Thuairisciú Airgeadais (FRWG) arna urrú ag ESMA, thug an t-eisitheoir gealltanais chun nochtadh sa tuarascáil bhainistíochta a leathnú do chúig ábhar a d'ardaigh ÚMICÉ. D'fhoilsigh ÚMICÉ an cinneadh a tháinig as i mí Eanáir 2023. Mar thoradh ar an dara scrúdú thug an t-eisitheoir gealltanais chun nochtadh sa tuarascáil bhainistíochta a leathnú le haghaidh seacht n-ábhar Arna mbreithniú ag ÚMICÉ.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Athbhreithniú ar thuairisciú corparáideach** | → Scrúdaíodh 39 tuarascáil bhliantúla<br>→ Scrúdaíodh 4 thuarascáil leathbhliantúla |
| **Ag tacú le caighdeáin arda i dtuairisciú corparáideach** | → Glacadh páirt ghníomhach i roinnt fóram, foghrúpaí agus tascfhórsaí Eorpacha, lena n-áirítear an Grúpa Oibre um Thuairisciú Airgeadais, Buanchoiste na nEisitheoirí, an Grúpa Oibre um Thuairisciú Inbhuanaitheachta, Tascfhórsa Riosca Aeráide i Ráitis Airgeadais, agus Foireann Tionscadail Institiúidí Airgeadais agus Cuideachtaí Árachais |
| **Scaipeadh an dea-chleachtais** | → Foilsíodh 6 chinneadh um tuairisciú airgeadais<br>→ Foilsíodh páipéir *Tuairimí* ar bhonn bliantúil maidir le cúrsaí tuairiscithe corparáidí |
| **Éisteacht a fháil** | → Foilsíodh dhá pháipéar ina leagtar amach na ceisteanna a chuireann ÚMICÉ ar eisitheoirí<br>→ Rinneadh seacht gcur i láthair ar thuairisciú corparáideach<br>→ Glacadh páirt in dhá chomhphlé comhchéime ar chúrsaí tuairiscithe corparáidí |
| **Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú** | → Rinneadh faireachán ar fhorbairtí ar an bhforfheidhmiú i réimse na cuntasaíochta ar fud an domhain agus ar an leibhéal Eorpach, agus breithníodh na tionchair fhéideartha ar bheartais agus nósanna imeachta ÚMICÉ<br>→ Leanadh de phróisis Forfheidhmithe tuairiscithe corparáidí a nuashonrú chun a chinntiú go gcruthaíonn siad bonn d'fhorfheidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach<br>→ Cuireadh tús le pleanáil le haghaidh próisis agus córais chun na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRSanna) a fhorfheidhmiú sa todhchaí |

# 5

# MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ

# CAIBIDIL 5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ

## 1. Príomhfheidhmeanna

Tá Aonad ÚMICÉ um Cháilíocht Iniúchóireachta freagrach as athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar eintitis leasa phoiblí (ELPanna) in Éirinn.

Trí phríomhfheidhm atá ag an aonad:

- cigireachtaí a dhéanamh ar ghnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar ELPanna
- comhoibriú le comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh um maoirseacht iniúchóireachta
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair iniúchóireachta

## 2. Forbairtí suntasacha

In 2023, chuir ÚMICÉ a 6ú babhta de chigireachtaí i gcrích ar sheacht gcinn de na gnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna. Rinne ÚMICÉ cigireacht ar cheithre réimse bainistíochta cáilíochta sna gnólachtaí seo. Ba iad seo a leanas na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu:

- bainistíocht riosca
- rialachas agus ceannaireacht
- acmhainní – acmhainní teicneolaíochta, acmhainní intleachtúla agus soláthraithe seirbhíse
- faisnéis agus cumarsáid

Leagtar amach in Aguisín IV na gnólachtaí iniúchóireachta a ndearnadh cigireacht orthu in 2023, chomh maith le líon na gcomhad a ndearnadh cigireacht orthu. Mar chuid dá 6ú babhta cigireachtaí, rinne ÚMICÉ cigireacht freisin ar shampla de 31 iniúchadh ar ELPanna ar fud na seacht ngnólacht a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna. In 2023, sannadh grád 1 nó 2 do 77% de na hiniúchtaí ar ELPanna a rinne na seacht ngnólacht sin, rud a thugann le fios go raibh cáilíocht an iniúchta ar chaighdeán maith. Ba ghá feabhas a chur ar na hiniúchtaí eile.

In 2023, ar fud na seacht ngnólacht ELP, rinne ÚMICÉ iniúchadh ar chur i bhfeidhm an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Bainistíocht Cáilíochta (ISQM) (Éire) 1 a bhí éifeachtach den chéad uair le linn na tréimhse iniúchta seo. Éilíonn ISQM (Éire) 1 ar ghnólachtaí iniúchóireachta córas bainistíochta cáilíochta a dhearadh atá in oiriúint do chineál agus d’imthosca an ghnólachta agus na fostaíochta a dhéanann sé. D’ardaigh ÚMICÉ torthaí ar fud na réimsí go léir a ndearnadh cigireacht orthu maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta bainistíochta cáilíochta atá i bhfeidhm

In 2023, rinne seacht ngnólacht iniúchóireachta iniúchtaí reachtúla ar ELPanna in Éirinn (2022: 7). Rinne ceithre cinn de na gnólachtaí sin iniúchadh ar 71% (2022: 75%) de na ELPanna in Éirinn, agus thuill siadsan thart ar 89% (2022: 87%) de na táillí i leith ELPanna a iniúchadh.

Le linn 2023, bhí ÚMICÉ ag ullmhú chun ceardlann iniúchtaí IFIAR 2024 a óstáil i mBaile Átha Cliath. Féach cuid 3 thíos chun teacht ar a thuilleadh sonraí faoi fhorbairtí in 2023 do rannpháirtíocht ÚMICÉ in IFIAR.

Ar an leibhéal Eorpach, leanaimid den rannpháirtíocht i gCoiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta (CCEFI ) agus sna foghrúpaí uile. Tá Príomhfheidhmeannach ÚMICÉ ar ghrúpa comhairliúcháin CCEFI, grúpa a thacaíonn le Cathaoirleach CCEFI. Leanann ÚMICÉ de bheith ina chathaoirleach ar Thascfhórsa Oiliúna CCEFI a bhfuil sé mar aidhm aige oiliúint éifeachtach do chigirí a aithint agus a chomhordú. Tá ÚMICÉ ina bhall freisin d’Fhoghrúpa Teicniúil nua CCEFI um Thuairisciú Inbhuanaitheachta, grúpa a bhíonn ag plé leis an gCoimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta.

In 2023, d’éascaigh ÚMICÉ cigireachtaí an Public Company Accounting Oversight Board ar dhá ghnólacht iniúchóireachta a tháinig faoi shainchúram an rialálaí sin as Stáit Aontaithe Mheiriceá.

I gcomhréir le straitéis ÚMICÉ i dtaobh éisteacht a fháil, d’eagraigh agus thaifead ÚMICÉ cruinniú faisnéise do choistí iniúchóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí freastal maith ar an imeacht sin, agus áiríodh leis an seisiún faisnéise an t-eolas is déanaí ó ÚMICÉ ar ábhair a bhaineann le comhaltaí an choiste iniúchóireachta, ina measc tuairisciú inbhuanaitheachta, cibearshlándáil agus an t-eolas rialála is deireanaí.

In 2023, d’fhoilsigh ÚMICÉ léirmheasanna téamacha ar ‘Ábharthacht i gcomhthéacs iniúchta’ agus ‘Cáilíocht na fianaise iniúchóireachta agus na nósanna imeachta iniúchta a dhéantar ar an ráiteas airgeadais a nochtadh,’ in éineacht le sraith léargais ar ‘Cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas’.

## 3. Aird ar ról méadaithe ÚMICÉ in IFIAR

Bíonn ÚMICÉ i dteagmháil lena gcomhghleacaithe thar raon réimsí comhleasa trí fhóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear Fóram Idirnáisiúnta na Rialálaithe Iniúchta Neamhspleácha, a chuimsíonn rialtóirí iniúchta neamhspleácha ó 56 dlínse. Is é bunchuspóir IFIAR freastal ar leas an phobail, lena n-áirítear infheisteoirí, trí fheabhas a chur ar mhaoirseacht iniúchta ar fud an domhain. Áirítear lena chuspóirí eolas agus taithí phraiticiúil a roinnt i measc rialtóirí, chomh maith le comhoibriú agus comhsheasmhacht i ngníomhaíocht rialála a chur chun cinn. Soláthraíonn sé ardán freisin le haghaidh idirphlé le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a bhfuil suim acu i gcáilíocht iniúchóireachta amhail Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisiún Urrús (IOSCO), an Bord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB) agus líonraí domhanda na ngnólachtaí iniúchóireachta is mó.

Cuireann an tÚdarás le hobair IFIAR chun tacú le cáilíocht iniúchta agus cuntasaíochta agus lorgaíonn sé tacaíocht nuair is gá ón bpobal rialála idirnáisiúnta. I mí Aibreáin 2023, toghadh Kevin Prendergast, POF ÚMICÉ, ar feadh théarma dhá bhliain mar leaschathaoirleach ar IFIAR. Soláthraíonn an ról méadaithe seo laistigh de IFIAR ardán do ÚMICÉ chun a thionchar a mhéadú tuilleadh maidir le feabhas a chur ar cháilíocht iniúchta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, chomh maith le leas a bhaint as taithí agus eolas a bpiaraí. Tá sé seo ag teacht le straitéis ÚMICÉ chun dul i ngleic lenár bpiaraí domhanda.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Cigireacht dhíreach ar ghnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna** | → Rinneadh cigireacht ar sheacht ngnólacht<br>→ Rinneadh cigireacht ar 31 iniúchadh ar ELPanna |
| **Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh** | → Glacadh páirt sa cheannaireacht ar an bhfoghrúpa cigireachta, trína choiste eagraithe, agus i seisiún iomlánach CCEFI, trína ghrúpa comhairliúcháin<br>→ Eagraíodh seisiúin oiliúna do chomhaltaí CCEFI ar ábhair iniúchta tráthúla<br>→ Glacadh páirt ghníomhach in dhá thascfhórsa de chuid IFIAR |
| **Scaipeadh an dea-chleachtais** | → Foilsíodh seacht dtuarascáil ar chigireachtaí |
| **Éisteacht a fháil** | → POF tofa mar Leas-Chathaoirleach IFIAR<br>→ Reáchtáladh cruinniú faisnéise do choistí iniúchóireachta<br>→ Athbhreithnithe téamacha foilsithe ar ábharthacht agus iniúchadh ar nochtadh ábhartha sna ráitis airgeadais<br>→ Foilsíodh sraith léargas ar chumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas<br>→ Rinneadh cur i láthair ag imeachtaí oiliúna chun príomhthorthaí na cigireachta a chur in iúl |
| **Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú** | → Cuireadh clár oibre i bhfeidhm chun córais bhainistíochta cáilíochta na ngnólachtaí iniúchta a thástáil ar aon dul le caighdeán nua bainistíochta cáilíochta<br>→ Forbraíodh sraith páipéar oibre agus leanadh ar aghaidh á mionchoigeartú chun cigireacht a dhéanamh ar iniúchtaí aonair, agus sonraíochtaí caighdeán iniúchóireachta ar leith á gcur san áireamh chomh maith le hábhair ábhartha a bhaineann leis an gcineál eintitis nó leis an tionscal |

# 6

# FORFHEIDHMIÚ

# CAIBIDIL 6: FORFHEIDHMIÚ

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Forfheidhmithe:

- imscrúduithe a dhéanamh ar neamhrialtachtaí a bhfuil amhras fúthu maidir leis an iniúchóireacht ar ELPanna
- fiosrúcháin a dhéanamh ar sháruithe a rinne CCFanna ar nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta, agus ar chomhlíonadh na CCAnna ar a bhfeidhmeanna i leith iniúchóirí reachtúla
- pionóis a riar a eascraíonn as imscrúduithe rialála

## 2. Forbairtí suntasacha

Bhí an deis ann in 2023 tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a rialacháin maidir le fiosrúcháin faoi alt 933 agus imscrúduithe faoi alt 934 a dhéanamh, agus leanúint lena gcur chun feidhme. Ligeann na rialacháin seo don Údarás cur chuige atá faoi stiúir an fheidhmeannais a ghlacadh i leith na céime tosaigh fiosrúcháin agus imscrúdaithe, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an phróisis forfheidhmithe fhoriomlán.

In 2023, tháinig méadú suntasach ar imscrúduithe a tháinig ar réiteach. Tar éis caibidlíochta, rinne an tÚdarás sé chomhaontú socraíochta alt 934 san iomlán. Bhain cúig cinn de na comhaontuithe socraíochta sin le daoine aonair (comhpháirtithe iniúchóireachta) agus bhain ceann amháin díobh le gnólacht iniúchóireachta. Tugadh aird shuntasach sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chinntí Forfheidhmithe Socraíochta an Údaráis.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rannchuidigh Abhcóide Sinsearach Forfheidhmithe an Údaráis leis an obair a dhéanann CCEFI trí bhallraíocht sa Mheitheal Forfheidhmithe agus i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR. Chuir an tAbhcóide Sinsearach Forfheidhmithe i láthair agus rinne sé maoirsiú ar roinnt ceardlann forfheidhmithe do CCEFI agus IFIAR araon.

Chomh maith leis sin, rannchuidigh an tÚdarás le hobair Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí (GADC) (an comhlacht comhairleach neamhspleách don Roinn maidir le hábhair a bhaineann le dlí na gcuideachtaí) trí chomhaltas Abhcóide Forfheidhmithe Sinsearach ÚMICÉ.

## 3. Aird ar Chomhaontuithe Socraíochta

In 2023, agus den chéad uair, d'úsáid an tÚdarás a chumhachtaí faoi alt 934(2)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chun dhá chomhpháirtí iniúchta a cheadú. Ceadaíonn alt 934(2)(b) don Údarás tabhairt faoi imscrúdú a bhaineann le hiniúchadh nach dtagann faoi réimeas iniúchta díreach an Údaráis, i gcás ina bhfuil sé den tuairim gur cuí nó ar mhaithe le leas an phobail a leithéid a dhéanamh.

Bhain na himscrúduithe le hiniúchadh ar ráitis airgeadais Wirecard UK agus Ireland Limited. Ghearr an tÚdarás iomardú trom agus fíneáil €19,500 ar cheann de na comhpháirtithe iniúchta, agus iomardú géar agus fíneáil €10,500 ar an bpáirtí eile.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Imscrúdú agus Fiosrúchán** | • Nósanna imeachta socraíochta a chur i bhfeidhm<br>• Cuireadh imscrúduithe agus fiosrúcháin chun cinn<br>• Baineadh amach torthaí cuí arna bhfianú ag seisear comhaontuithe socraíochta<br>• Foilsíodh torthaí i gcomhréir le beartais<br>• Breathnaítear ar ábhar imscrúdaithe go digiteach nuair is féidir agus seolfar comhfhreagras uile trí fhormáid leictreonach nuair is féidir, rud a laghdaíonn ár lorg carbóin |
| **Éisteacht a fháil** | • Rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre Forfheidhmithe CCEFI, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla agus cur i láthair ag cruinnithe foghrúpa agus láithreoireachtaí ar fhorfheidhmiú do chomhaltaí CCEFI.<br>• Glacadh páirt i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR agus rinneadh modhnóireacht agus cur i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta<br>• Rannpháirtíocht in imeachtaí páirtithe leasmhara |

# 7

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# **CAIBIDIL 7:** SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha:

- tacaíocht ó thaobh seirbhísí corparáideacha a sholáthar do ÚMICÉ, lena n-áirítear seirbhísí airgeadas, seirbhísí acmhainní daonna, seirbhísí TFC agus bainistíocht saoráidí
- rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe de chuid an bhoird
- maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca do ÚMICÉ

## 2. Forbairtí suntasacha

Chomhlíon an t-aonad a chuid oibleagáidí iomadúla reachtúla agus a shainordaítear leis an gCód in am nó roimh am i rith na bliana. Sonraítear iad siúd ar fud na tuarascála seo, go príomha sa chaibidil a bhaineann le rialachas agus struchtúr (9), agus sna ráitis airgeadais. Lean na hoibleagáidí sin ag méadú in 2023, lena n-áirítear athruithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ar an Acht um Nochtadh Cosanta.

Tháinig méadú freisin ar an ualach oibre i rith na bliana mar gheall ar fhreagrachtaí méadaitheacha ÚMICÉ agus filleadh ar idirghníomhaíochtaí corpartha. Mar fhreagra air seo go páirteach, thug an tAonad Seirbhísí Corparáideacha isteach córas ar líne don fhoireann chun taisteal agus lóistín thar lear a shocrú. Tá an córas athbhreithnithe iomasach d'úsáideoirí, agus laghdaítear go mór an comhfhreagras ríomhphoist idir taistealaithe, an tAonad Seirbhísí Corparáideacha agus gníomhaire taistil ÚMICÉ. Tar éis é a shuiteáil go déanach in 2022, lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh lena pacáiste cuntasaíochta nua a leabú, agus tá sé mar bhonn anois do gach tuairisciú airgeadais don ÚMICÉ.

Rinne an bord meastóireacht shuntasach ar a fheidhmíocht féin, agus tugadh isteach roinnt athruithe i rith na bliana. Áiríodh orthu sin páipéir an bhoird go léir a athstruchtúrú chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear eolas ar fáil do chomhaltaí. Tá athstruchtúrú déanta ar chláir oibre na gcruinnithe chun páipéir anailíse straitéisí a chur san áireamh, áit ar féidir le baill dul i ngleic go domhain i réimsí sonracha agus tráthúla. Bhunaigh an bord coiste freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an sceideal reatha d'ábhair fhorchoimeádta, le tuairisciú in 2024.

Thug an ÚMICÉ faoi roinnt tástálacha ar a bhonneagar agus a chultúr TFC in 2023. Áiríodh orthu sin tástáil threáite inmheánach, atá deartha chun leochaileachtaí a bhrath ó dhaoine aonair a bhfuil rochtain acu ar dhintiúir ÚMICÉ agus ar thástáil fioscaireachta, mar aon le gnáth-thástáil réamhghníomhach agus athshlánaithe tubaiste.

Tá ÚMICÉ fós tiomanta dá lorg carbóin a laghdú. Chuir ÚMICÉ tús le cainteanna in 2023 le hOifig na nOibreacha Poiblí (a tiarna talún) chun ceann amháin den dá urlár a fhágáil agus tabhairt faoi na hoibreacha riachtanacha chun freastal ar an eagraíocht ar urlár amháin. Ag deireadh na bliana, bhí ailtirí seachfhoinsithe ainmnithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí, a bhí ag athbhreithniú mholadh ÚMICÉ do na hoibreacha riachtanacha seo.

## 3. Aird ar Acmhainní Daonna

Tá ÚMICÉ tiomanta a chinntiú go bhfanann sé mar fhostóir roghnaithe sa ghairm. Áiríodh le hathbhreithnithe ar bheartas AD in 2023 athbhreithnithe ar a bheartas oibre cumaisc agus ar a chur chuige maidir le socrú spriocanna & forbairt phearsanta (breithmheas bliantúil) d'fhonn an leas is fearr a bhaint as don ÚMICÉ agus d'fhostaithe aonair araon. Thug ÚMICÉ faoi nuashonrú iomlán ar a lámhleabhar foirne freisin, agus rinne sé athbhreithniú agus leasú ar roinnt beartas níos lú mar úsáid fón póca agus taifeadadh ama. Léiríonn beartais nua-aimseartha atá dírithe ar an bhfoireann, mar aon le go leor gníomhartha eile atá sonraithe i gCaibidil 8, aitheantas ÚMICÉ dá fhoireann mar a phríomhshócmhainn.

FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4. MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-RAÍDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| **Straitéisí an phlean gnó** | **Torthaí** |
|---|---|
| **Scaipeadh an dea-chleachtais** | → D'fhormheas an bord an Tuarascáil Bhliantúil Reachtúil<br>→ Cuireadh tuarascálacha faoi shainordú ar fáil don Aire agus iad ag cloí le sprioc-amanna reachtúla |
| **Úsáid éifeachtúil ár n-acmhainní airgeadais a áirithiú** | → Ghlac an bord an Clár Caiteachais (an buiséad) agus d'fhormheas an tAire é<br>→ Bhí toradh rathúil ar athbhreithniú a rinne iniúchóirí inmheánacha agus iniúchóirí seachtracha ar chórais rialaithe inmheánaigh |
| **Éisteacht a fháil** | → Gníomhaíodh mar an bpríomhphointe teagmhála le hiriseoirí agus le hionadaithe poiblí |
| **Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú** | → Rinneadh cothabháil leanúnach ar an mbonneagar TFC agus rinneadh tastáil láidir air<br>→ Aistríodh chuig pacáiste cuntas saincheaptha<br>→ Athbhreithniú mionsonraithe ar lámhleabhar na foirne.<br>→ Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas oibre cumaisc agus ar shocrú spriocanna & ar phróisis forbartha pearsanta chun an leas is mó a chinntiú don ÚMICÉ agus do dhaoine aonair. |
| **Nuálaíocht** | → Próiseas nua le haghaidh socrú taistil thar lear a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. |

# 8

# FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

# **CAIBIDIL 8:** FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

## 1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid um Fhorbairt Eagraíochtúil:

- tionscnaimh a fhorbairt, agus tacú leo, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht na heagraíochta
- láithreacht meán sóisialta a bhainistiú do ÚMICÉ
- tacú le cultúr nuálaíochta in ÚMICÉ
- tacú le coistí foirne ÚMICÉ maidir le smaointe a fhorbairt go dtí go gcuirfear chun feidhme iad

## 2. Forbairtí suntasacha

Sheol ÚMICÉ feachtas feasachta poiblí chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir a fhostú atá rialaithe ag comhlacht cuntasaíochta forordaithe. Threisigh teachtaireachtaí spriocdhírithe ar fud YouTube agus LinkedIn chuig lucht féachana ilghnéitheach an tábhacht a bhaineann le cuntasóirí rialaithe a úsáid agus ghin siad lucht féachana suntasach. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa bhosca buaicphointí thíos.

Sheol ÚMICÉ dhá fhíseán chorparáideacha ag díriú ar *cé muid agus an obair a dhéanaimid*. Trí fhocail ár bhfostaithe, cuireann na físeáin bunbhrí chultúr eagraíochtúil ÚMICÉ chun suntais agus leagann siad béim ar a thiomantas chun a chuid oibre a chur i gcrích le sármhaitheas, neamhspleáchas agus ionracas.

Príomhthionscnamh eile in 2023 ab ea tionscadal dearcthaí páirtithe leasmhara, a dearadh chun tuiscint ÚMICÉ a fheabhsú ar an dearcadh atá ag páirtithe leasmhara ar ÚMICÉ. Dhearbhaigh aiseolas ó pháirtithe leasmhara tuairimí dearfacha ar an iomlán maidir le ÚMICÉ agus a éifeachtúlacht maidir lena bhunchuspóir a chomhlíonadh maidir le tuairisciú corparáidí ardchaighdeáin agus gairm chuntasach a sheasamh. Sainaithnítear sa tionscadal freisin réimsí ina bhféadfadh ÚMICÉ feabhsuithe a dhíriú, ag treorú ár n-iarrachtaí feabhsúcháin leanúnacha. Tá sonraí breise ar thorthaí an tionscadail leagtha amach i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

Ag leanúint lenár sraith maidir leis an *Obair a dhéanann ÚMICÉ* chun feasacht agus tuiscint an phobail a chothú ar ról ÚMICÉ, d'eisigh ÚMICÉ dhá bhileog eolais nua dírithe ar Ról ÚMICÉ san athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar iniúchtaí ar eintitis leasa phoiblí in Éirinn agus Maoirseacht ÚMICÉ ar na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe in Éirinn.

Go hinmheánach, chuir ÚMICÉ tionscnaimh i bhfeidhm chun timpeallacht oibre thacúil agus chomhoibríoch a chothú. Ina measc seo bhí seoladh scéim aitheantais luachanna fostaithe, ardán measta piaraí ar líne chomh maith le laethanta halla baile ÚMICÉ a thabhairt isteach chun idirghníomhaíocht agus roinnt eolais a éascú i measc comhghleacaithe. Ina theannta sin, mar chuid dá thiomantas do leas fostaithe, rinne ÚMICÉ dhá shuirbhé cuisle folláine agus rannpháirtíochta le linn 2023 chun tuiscint a fháil ar an dóigh a mothaíonn daoine faoi bheith ag obair in ÚMICÉ, agus bhí na torthaí an-dearfach. Bhí oiliúint foirne ina cuid thábhachtach de ghníomhaíochtaí folláine 2023 freisin, lena n-áirítear ceardlann mheabhairshláinte a sholáthar do bhainisteoirí daoine chomh maith le ceardlann éagsúlachta agus cuimsitheachta don fhoireann uile.



## 3. Aird ar Fheachtas Feasachta Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe

Sheol ÚMICÉ feachtas chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir a fhostú atá rialaithe ag comhlacht cuntasaíochta forordaithe i mí Mheán Fómhair 2023. Bhí an tionscnamh seo ag teacht lena bhunchuspóir ‘iontaoibh agus muinín an phobail in iniúchóireacht agus cuntasaíocht cháilíochta’ chomh maith lena chuspóir reachtúil caighdeáin arda a chur chun cinn i ngairm na cuntasaíochta agus na hiniúchóireachta.

Bhí físeán gearr, beoite agus postálacha promóisin ar LinkedIn agus YouTube mar chuid den fheachtas, inar leagadh béim ar chúig bhuntáiste ar leith a bhaineann le cuntasóirí atá á rialú ag CCF: Is cuntasóirí cáilithe, rialaithe, árachaithe, cuntasach iad a ndéantar monatóireacht orthu. Díríodh fógraí ar LinkedIn ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar thrádálaithe aonair agus ar an bpobal i gcoitinne. Díríodh fógraí ar YouTube ar dhaoine a bhí ag cuardach seirbhísí cuntasaíochta in Éirinn ar Google. Threoraigh na fógraí an lucht féachana chuig leathanach tuirlingthe ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ a thug sonraí faoi na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe in Éirinn.

Feachtas an-rathúil a bhí ann as ar tháinig 113,000 amharc ar an bhfíseán, 3,284 clic agus 362,000 imprisean ar YouTube agus LinkedIn.

I mí na Nollag 2023, sheolamar an feachtas i nGaeilge agus é á chur chun cinn ar shuíomh idirlín nuachta Gaeilge, www.tuairisc.ie.



## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Éisteacht a fháil** | Seoladh feachtas meán sóisialta chun feasacht a chothú ar na buntáistí a bhaineann le cuntasóir arna rialú ag CCF a fhostú.<br>Seoladh físeán corparáideach chun míniú a thabhairt ar *cé muid féin* agus ar an *obair a dhéanaimid*.<br>Leanadh ar aghaidh le sraith mhínithe ÚMICÉ maidir le obair ÚMICÉ le dhá bhileog eolais maidir le maoirseacht ÚMICÉ ar na CCFanna agus ar a athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar iniúchtaí ELP |
| **Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú** | Críochnaíodh tionscadal chun tuiscintí na bpáirtithe leasmhara ar ÚMICÉ a thuiscint d'fhonn feabhsuithe ar chur chuige rialála agus bealaí oibre ÚMICÉ a aithint.<br>Seoladh creat aitheantais fostaithe dírithe ar léiriú luachanna ÚMICÉ, lena n-áirítear ardán léirthuisceana ar líne idir piaraí<br>Tugadh faoi dhá shuirbhé folláine fostaithe a dhírigh ar éilimh oibre agus acmhainní, agus ar rannpháirtíocht fostaithe<br>Tugadh 'laethanta halla baile ÚMICÉ' isteach chun comhoibriú le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta a chur chun cinn<br>Reáchtáladh dhá mháistir-rang ar éagsúlacht agus cuimsiú agus meabhairshláinte do bhainisteoirí ar dhaoine<br>Forbraíodh polasaí meán sóisialta d'fhostaithe<br>Bunaíodh coiste sóisialta fostaithe |
| **Nuálaíocht** | Foilsíodh trí cinn de nuachtlitreacha forbartha eagraíochtúla inar leagadh béim ar fhorbairtí eagraíochta chomh maith le huirlisí agus acmhainní nuálacha úsáideacha<br>Tacaíodh le raon tionscnamh de chuid an choiste foirne maidir le cursaí folláine, an clár oibre glas, agus gníomhaíochtaí sóisialta |



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# 9

# RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

# **CAIBIDIL 9:** RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

## Struchtúr dlí

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é ÚMICÉ ag a raibh na 10 gcomhalta seo a leanas an 31 Nollaig 2023:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte*
- Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta*
- Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta*
- Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta*
- Banc Ceannais na hÉireann
- An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn*
- Stocmhalartán na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim

* CCF

## Struchtúr eagraíochtúil

### Forléargas

Faoi dheireadh na bliana, 32 ball foirne a bhí ag ÚMICÉ (2022: 30), agus iad roinnte ina seacht n-aonad mar seo a leanas:

- **An tAonad Cáilíochta Iniúchóireachta** a dhéanann cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna;
- **An tAonad Maoirseachta um Thuairisciú Corparáideach** a dhéanann scrúdú ar thuarascálacha eintiteas ar leith le fáil amach an bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat ábhartha tuairiscithe airgeadais;
- **An tAonad Maoirseachta ar Rialáil agus ar Fhaireachán** a dhéanann maoirseacht ar rialáil CCFanna ar a gcomhaltaí;
- **An tAonad Caighdeán agus Beartas** atá freagrach as caighdeáin agus treoir maidir leis an iniúchóireacht a ghlacadh in Éirinn;
- **An tAonad Forbartha Eagraíochtúla** a mhaoirsíonn cur i bhfeidhm na dtionscadal nuálaíochta faoi stiúir na foirne, a thacaíonn le coistí éagsúla an Údaráis a stiúrann an fhoireann, agus a bhainistíonn láithreacht inmheánach cumarsáide agus meán sóisialta ÚMICÉ;
- **An tAonad um Fhorfheidhmiú** a thugann faoi imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla an Údaráis; agus
- **Aonad na Seirbhísí Corparáideacha** a sholáthraíonn tacaíocht bainistíochta do ÚMICÉ maidir le cúrsaí airgeadais, riaracháin, acmhainní daonna, TFC agus saoráidí, mar aon le rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe dá chuid.

### Líon formheasta na mball foirne

Is é ÚMICÉ a chinneann líon, gráid, agus téarmaí agus coinníollacha fhoireann ÚMICÉ le formheas an Aire, rud a thugtar le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí , Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Fágann sin gur gá formheas a fháil roimh ré ón mbeirt Airí chun aon leasuithe a dhéanamh ar líon foirne formheasta ÚMICÉ. Faomhadh cúig phost bhreise maidir le CSRD i rith na bliana, agus mar aon le coigeartuithe eile ar fud an Údaráis, thug siad an líon ceadaithe go 42.5. Leagtar amach thíos líon foirne formheasta ÚMICÉ i ndeireadh na bliana, agus a líon foirne iarbhír.

Líonta foirne formheasta agus líon iarbhír i ndeireadh na bliana(2022)

| Grád | Ceadaithe | Luach iarbhír |
|---|---|---|
| **Príomhfheidhmeannach** | 1 | 1 |
| **Cinn Feidhme** | (5) 3 | 3 |
| **Bainisteoirí Sinsearacha** | 6 | 6 |
| **Cigirí agus Bainisteoirí Tionscadail** | (11) 16 | (9) 11 |
| **Lucht Feidhmiúcháin agus Riaracháin** | (16) 16.5 | 11 |
| **Iomlán** | **(39) 42.5** | **(30) 32** |

## Forléargas ar chúrsaí airgeadais


Den chuid is mó, maoinítear ÚMICÉ trí dheontas ón Státchiste, tobhach reachtúil ar na CCFanna, tobhach reachtúil ar ghnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna, agus trí tháillí a ghearradh as seirbhísí clárúcháin. Déantar na foinsí cistiúcháin uile a rialú le forálacha an Achta. Ina cháil mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, tugann ÚMICÉ ráitis airgeadais ar aird i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu dá réir agus taisceann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí iad.

B'ionann an caiteachas iomlán in 2023 agus €4.7m (2022: €4.3m) ó bhuiséad €5.75m (2022: €5.6m). Ba iad na príomhathruithe i gcomparáid leis an mbuiséad:

- gannchaiteachas leanúnach ar chostais taistil agus chothaithe agus ar chaiteachas oifige mar gheall ar thionchar COVID-19; agus
- coigilteas i gcomhairleoireacht, ar suim theagmhasach é go príomha chun gur féidir leis an Údarás íoc as imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla más gá.

## Cairt eagraíochta

Bhí struchtúr eagraíochtúil ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2023 mar a leagtar amach sa chairt eagraíochta thíos.



# Rialachas

## An bord stiúrthóirí

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire iad ar bhonn ainmniúchán ó na heintitis sin a leagtar amach thíos. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord.

### An bord stiúrthóirí – comhlachtaí ainmniúcháin

| Comhlacht ainmniúcháin | Ainmnithe |
|---|---|
| An tAire | 2 |
| CCFanna (i gcomhpháirt le chéile ar bhonn comhaontú) | 2 |
| Banc Ceannais na hÉireann | 1 |
| An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 1 |
| Stocmhalartán na hÉireann | 1 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 1 |
| **Iomlán** | **8** |

Triúr den ochtar stiúrthóirí sin ar a mhéad a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí de CCF.

## Beathaisnéisí na stiúrthóirí – Dánlann idirghníomhach



Tá taithí ar feadh an tsaoil ar chúrsaí rialála agus gnó ag **Martin Sisk**, an Cathaoirleach. Is aturnae cáilithe é agus chuir sé tús lena ghairm bheatha in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, chaith sé tréimhse mar Chláraitheoir na gCara-Chumann 1985–2003, Leas-Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa 2003–2006, Leas-Cheann na gCód Cosanta Tomhaltóirí 2007–2008 agus Ceann an Aonaid um Fhrithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Smachtbhannaí Airgeadais de chuid an Bhainc Ceannais 2008–2010. Chuaigh sé ar scor ón mBanc Ceannais i mí Iúil 2010. Toghadh Martin chuig bord Chomhar Creidmheasa Mhullach Íde agus na Dúiche i mí na Nollag 2010 agus is Stiúrthóir é go fóill. Tá sé ina choimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2017 i leith, agus tá sé ina chathaoirleach eatramhach air faoi láthair. Tá sé ina chomhalta boird freisin den Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ó 2021 i leith. Is iarchomhalta boird (2011-2021) de chuid Chomharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn é Martin agus bhí sé ina leasuachtarán air (2011–2013) agus ina uachtarán air (2013–2015), ba stiúrthóir agus cathaoirleach ar VHI Healthcare (2012–2015) é, agus ba chomhalta boird é de chuid an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (2015-2020).

Leagtar amach in Aguisín I comhdhéanamh an bhoird i ndeireadh na bliana agus athruithe i measc na stiúrthóirí ón uair a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil deiridh.

## Dánlann an bhoird stiúrthóirí

### Nósanna imeachta an bhoird

Tionólann an bord cruinnithe rialta agus is féidir leis cruinnithe neamhsceidealaithe a thionól más gá sin. Faigheann comhaltaí an bhoird faisnéis sách luath roimh na cruinnithe sin chun gur féidir leo í a mheas agus a thuiscint i gceart.

Tá sceideal ábhar curtha i bhfeidhm ag an mbord, rud atá forchoimeádta go sonrach dó chun críche cinnteoireachta, lena gcumhdaítear na príomhréimsí rialachais, airgeadais, riosca agus formhaoirseachta. Tá ábhair áirithe tarmligthe chuig coistí boird, mar a leagtar amach anseo a leanas. Tá córas curtha i bhfeidhm ag an mbord freisin chun údarás a tharmligean go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Ainmnítear comhaltaí an bhoird mar stiúrthóirí ar ÚMICÉ chun gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus chun gníomhú chun leas ÚMICÉ agus chun a leas a chosaint agus a chur chun cinn. Tugann na comhaltaí boird uile breithiúnas neamhspleách ar shaincheisteanna a ndéileálann an bord leo. Tá beartas foirmiúil i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear oibleagáidí agus ceanglais maidir le nochtadh lena ndearbhaítear nach nglacfaidh stiúrthóirí páirt in aon phléití ná cinntí i leith aon choinbhleachtaí den sórt sin.

## Ráiteas rialachais

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 den Acht. Is é an bord atá freagrach as an dea-rialachas a áirithiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a leagann an bord síos, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a dtiocfaidh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir an bord agus feidhmeannas ÚMICÉ.

### Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird sa sceideal ábhar atá forchoimeádta don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear

- dearbhú coimhlintí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- nithe atá le cinneadh ag an mbord;
- ábhair lena bplé;
- nithe a bhaineann le hathbhreithniú straitéiseach;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.

Cuirtear de cheangal ar an Údarás taifid airgeadais a choinneáil agus ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, mar a mhionsonraítear sna ráitis airgeadais.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. Déanann an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhír agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú sceidealaithe. Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2023.

### Ceapachán chuig an mbord

Feidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an Rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Ceapann an tAire comhaltaí (seachas an Príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhsí trí go cúig bliana. Go ginearálta, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí - bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Athcheapadh roinnt stiúrthóirí ar feadh téarma níos faide in 2023 chun láimhdeachas iomlán féideartha sa bhallraíocht in 2026/27 a sheachaint. Leagtar amach in Aguisín I comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2023, agus athruithe ón dáta sin i leith.

Rinne an bord meastóireacht Inmheánach ar a fheidhmíocht féin mar a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

### Coistí boird

Forchoimeádann an bord chuige féin an chumhacht coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Faoi sceideal an bhoird um ábhair fhorchoimeádta, tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. I dteannta leis an gcoiste iniúchta agus riosca, bhunaigh an bord coiste athbhreithnithe sceideal um ábhair fhorchoimeádta in 2023.

### An coiste iniúchóireachta agus riosca

Triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá ar an gcoiste iniúchóireachta agus riosca (CIR):

- Aisling McArdle (Cathaoirleach)
- David Hegarty
- Ronan Nolan

Tá a théarmaí tagartha leagtha amach ina chairt, atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste, lena n-áirítear athbhreithniú ar thuarascáil bhliantúil an Údaráis agus ar a ráitis airgeadais sula ndéanann an bord breithniú orthu. I measc na ngníomhaíochtaí eile a rinne an coiste linn 2023 bhí an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2022, agus moladh dearfach a thabhairt don bhord;
- machnamh a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil le haghaidh 2024, agus a ghlacadh a mholadh don bhord;
- plean iniúchta inmheánaigh trí bliana a chomhaontú don

tréimhse 2023 – 2025, le líon níos airde athbhreithnithe ná mar a mhol an t-iniúchóir inmheánach;

- athbhreithniú a dhéanamh ar a chairt reatha agus moltaí a dhéanamh maidir le nuashonrú;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar RGCS; agus
- athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar a chur chuige maidir lena meastóireacht bhliantúil, agus meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin.

Ina theannta sin, breithníonn an coiste an clár rioscaí iomlán ag gach cruinniú, agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an phríomhoifigigh riosca agus/nó an bhoird de réir mar is iomchuí.

### Sceideal coiste athbhreithnithe na nithe forchoimeádta

Triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá ar choiste athbhreithnithe an sceidil um ábhair fhorchoimeádta

- Aisling Kennedy (Cathaoirleach)
- Sandra Davey
- Ronan Nolan

Is é a théarmaí tagartha ná athbhreithniú a dhéanamh ar an sceideal um ábhair fhorchoimeádta reatha agus moltaí a dhéanamh maidir le leasú. Feidhmíonn Ceannaire Forbartha Eagrúcháin ÚMICÉ mar chomhairleoir don choiste seo, ag tabhairt dearcadh an fheidhmeannaigh. Cé gur bunaíodh é in 2023, níor tháinig an coiste le chéile go dtí go luath in 2024.

### Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

### Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Leagtar amach in Aguisín I mionsonraí i dtaobh athruithe i gcomhaltas an bhoird.

### Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

- leagtar amach i Nóta 13 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000;
- leagtar amach i Nóta 15 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar thaisteal agus ar chothú;
- leagtar amach i Nóta 16 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht;
- Níor thabhaigh an tÚdarás costais faoin gceannteideal 'Costais Dlí agus Socraíochtaí' in 2023. Baineann na costais dlí go léir a tabhaíodh le comhairle dlí ghinearálta; agus
- Leagtar amach i Nóta 17 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

### Ráiteas ar chomhlíonadh

Is deimhin le ÚMICÉ gur chomhlíon sé ceanglais uile an Chóid, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## Oibleagáidí rialachais agus oibleagáidí eile atá ar an earnáil phoiblí

### Oibleagáidí dlí agus rialachais atá ar chomhlacht arna bhunú faoi reacht

Is iad an Rúnaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, atá ina Phríomhoifigeach Riosca freisin, na príomhdhaoine a thugann cúnamh don bhord maidir le deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfaidh ÚMICÉ a oibleagáidí dlí agus rialachais. I gcás inarb infheidhme, rannchuidíonn comhaltaí eile d'fhoireann ÚMICÉ mar is gá le comhlíontacht leanúnach ÚMICÉ maidir lena oibleagáidí.

### Príomhcheanglais dlí

Shainaithin agus rinne an tÚdarás na bearta is gá lena áirithiú go bhfuil a oibleagáidí dlí á gcomhlíonadh aige. Tá a phríomhcheanglais dlí sainaitheanta aige mar a leanas:

- dlí na gcuideachtaí
- an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- an reachtaíocht fostaíochta agus reachtaíocht ghaolmhar
- an dlí cánach, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse áirithe ag a bhfuil deimhnithe imréitigh chánach bailí
- na hachtanna cosanta sonraí
- acht na dteangacha oifigiúla
- an dlí maidir le heitic in oifigí poiblí agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012.



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

Maidir le ceanglais áirithe eile is infheidhme de ghnáth maidir le comhlachtaí reachtúla amhail na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Míchumas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo.

## RSGC

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an Údarás a bhíonn ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibleagáidí leanúnacha faoi RGCS le linn na bliana faoi athbhreithniú. I bhfianaise nochtadh laethúil fíorbheag an Oifigigh Cosanta Sonraí do chúrsaí Cosanta Sonraí, bhí ÚMICÉ ag ardchéim maidir leis an ról a sheachfhoinsiú chuig a chomhairleoirí dlí, Fieldfisher (faoi chonradh) ag deireadh na bliana.

## Nochtuithe cosanta

Cloíonn an tÚdarás leis na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014 - 2022 . Tá Tuarascáil bhliantúil ÚMICÉ faoin Acht, mar aon le sonraí faoi conas a leithéid de nochtadh a dhéanamh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.

## Cothromaíocht inscne i gcomhaltas an bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2023, cúigear (56%) ban agus ceathrar (44%) fear a bhí ar an mbord, agus ní raibh aon phost folamh. Mar sin chomhlíon an bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ar bhoird stáit.

I bhfianaise chineál reachtúil an phróisis ceapacháin, is teoranta an tionchar atá ag ÚMICÉ ar chothromaíocht inscne a chomhaltais. Is é an tAire a dhéanann formhór na gceapachán ar bhonn ainmniúchán ó thríú páirtithe, agus níl rogha ag an Údarás ná ag an Aire maidir leis an gceist sin. De réir mar a thagann téarmaí stiúrthóirí chun deiridh, áfach, déanann ÚMICÉ aon scileanna nó taithí ar leith a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a mheas, agus díríonn sé aird an Aire orthu más ann dóibh. Chun cothromaíocht inscne a chothú ar an mbord, cuireann ÚMICÉ inscne san áireamh leis an méid sin.

## Éagsúlacht

Rinne an bord saincheisteanna leithne na héagsúlachta a mheas, lena n-áirítear an chothromaíocht inscne agus luach na difríochta a aithint, mar chuid dá phróiseas bliantúil meastóireachta. Meascán fairsing daoine atá ar an mbord, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, ón earnáil tionsclaíochta agus ón saol acadúil. Ag leibhéal eagraíochtúil, oibríonn gach leibhéal sinsearach laistigh de dheighilt inscne 40%/60%. Tá tromlach níos mó ban ag gráid na gcuntasóirí gairmiúla agus riaracháin faoi láthair, 64% agus 82% faoi seach. I bhfianaise chineál an-speisialaithe a chuid oibre, is minic a fhéachann ÚMICÉ le daoine a earcú agus a choimeád ó chohórt beag gairmithe. D'ainneoin sin, tagann fostaithe ÚMICÉ ó réimse leathan cúlraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

D'fhorbair an tÚdarás plean chun a chinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais an Achta i dtéarmaí fógraíochta. Le héifeacht ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, déantar an fhógraíocht ábhartha ar fad i nGaeilge agus i mBéarla, rud a sháraíonn íoscheanglas 20% an Achta. Níor tháinig ach fógra amháin dá leithéid chun cinn i rith na tréimhse go deireadh na bliana.

## Úsáid fuinnimh

Mar atá thuasluaite, maidir le ceanglais reachtúla áirithe is infheidhme de ghnáth do chomhlachtaí stáit, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo. Áirítear leo siúd ceanglais na nAchtanna um Fhuinneamh Inmharthana. Mar sin féin, roghnaigh ÚMICÉ tuairisciú ar a shonraí bainistíochta agus feidhmíochta fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gach bliain ó 2022.

Tá ÚMICÉ lonnaithe i suíomh oifige amháin agus níl aon mhótarfheithicil ná réimse eile úsáide fuinnimh aige. Cuimsíonn ídiú an Údaráis:

- téamh spáis trí radaitheoirí a úsáideann gás nádúrtha, a rialaíonn an tiarna talún ar bhonn seirbhísí comhroinnte; agus
- aerchóiriú, uisce te, soilse agus trealamh oifige, a úsáideann leictreachas agus a rialaíonn an tÚdarás féin.

Léiríonn sonraí sealadacha 2023 go bhfuil laghdú 3% tagtha ar úsáid fuinnimh ÚMICÉ ón mbliain bhonnlíne (2009), d'ainneoin dúbailt ar a mhéid cóiríochta agus méadú faoi thrí ar líon na foirne.

## Sainordú na Seirbhíse Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá ÚMICÉ faoi réir Shainordú na Seirbhíse Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus tá céimeanna glactha aige lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é ar fud an Údaráis. Feidhmíonn Príomhfheidhmeannach ÚMICÉ mar Sheaimpín na hAeráide agus Inbhuanaitheachta, ag cur béime ar an ngealltanas seo. Tá sonraí breise leagtha amach in Aguisín VII.

# 10

# RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Réamhrá

Tá áthas ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, i dteannta thuarascáil na stiúrthóirí, a ullmhaíodh de bhun fhorálacha alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht 2014') a chur faoi bhráid an 18ú cruinniú ginearálta bliantúil d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('ÚMICÉ').

## Príomhghníomhaíochtaí

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is é an comhlacht reachtúil neamhspleách in Éirinn é atá freagrach as:

**(a)** imscrúdú agus forfheidhmiú ar thuairisciú airgeadais tréimhsiúil eintiteas liostaithe áirithe;

**(b)** maoirseacht ar fheidhmeanna comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta i leith iniúchóirí reachtúla agus maoirsiú ar fheidhmeanna rialála na gcomhlachtaí cuntasóireachta forordaithe (CCFanna);

**(c)** glacadh caighdeán maidir le hiniúchóireacht, le heitic ghairmiúil agus le rialú cáilíochta inmheánach; agus

**(d)** cigireacht agus cur chun cinn feabhsúchán ar cháilíocht iniúchóireachta na n-eintiteas leasa phoiblí.

Ainmníodh ÚMICÉ freisin mar an t-údarás inniúil le haghaidh clárú agus dearbhú cáilíochta iniúchóirí agus eintiteas iniúchóireachta tríú tír áirithe. Ní bhíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan.

## Forléargas ar ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí agus forbairtí todhchaí ÚMICÉ sa tuarascáil bhliantúil.

## Staid airgeadais

Leagtar amach go mionsonrach sócmhainní agus dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta sna ráitis airgeadais ar leathanaigh 51 go 69.

## Rioscaí agus éiginnteachtaí

Deimhníonn na stiúrthóirí, de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), gur forbraíodh agus gur glacadh beartas agus nósanna imeachta bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí gnó a bhíonn ag ÚMICÉ a aithint, a chainníochtú agus a bhainistiú.

## Taifid chuntasaíochta

Chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir cheanglais ailt 281 go 286 d'Acht 2014, d'fhostaigh ÚMICÉ Ceannasaí Airgeadais atá oilte go cuí agus tugann sé dóthain acmhainní don fheidhm airgeadais. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig chláraithe ÚMICÉ ag Willow House, Páirc na Mílaoise, an Nás, Co. Chill Dara.

## Faisnéis ábhartha faoin iniúchadh a sholáthar

De réir alt 330(1) d'Acht 2014, creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil an t-iniúchóir ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go bhfios dóibh, níl aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag an iniúchóir.

## Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas i ndiaidh an dáta tuairiscithe a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Iniúchóir

Fanann iniúchóir ÚMICÉ, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, in oifig de réir fhorálacha alt 927(2) d'Acht 2014.

## Rialachas

Bunaíodh ÚMICÉ faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 (Acht 2003), agus feidhmíonn sé mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 d'Acht 2014. Tá neamhspleáchas reachtúil ag an mbord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta sinsearaí. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ceannais shinsearach an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir bord agus bainistíocht ÚMICÉ.

## Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird i sceideal ábhar atá forchoimeádta don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coimhlintí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- ábhair lena gcinneadh;
- ábhair lena bplé;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4. MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

Éilíonn Alt 927 d'Acht 2014 ar ÚMICÉ gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('an tAire'), le cead an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar bhord ÚMICÉ:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm; agus
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a shuíomh airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 927 d'Acht 2014, agus mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, alt 281 d'Acht 2014. Tá an bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. D'fhaomh an bord an buiséad bliantúil le haghaidh 2023 ag a chruinniú an 18 Meán Fómhair 2022. Rinne an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhír agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú in 2023. Tharla meastóireacht leanúnach ar cheisteanna oibríochta ag gach cruinniú freisin. D'fhaomh an bord clár oibre trí bliana an Údaráis le haghaidh 2023–2025 ar an 8 Samhain 2022.

Tá an bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2023.

## Freagrachtaí an bhoird

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheap an tAire i ndiaidh d'eintitis a shonraítear in Acht 2014 iad a ainmniú. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord. Sonraítear in Acht 2014 go bhfeidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Foráiltear in Acht 2014 go bhféadfar comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana. Sa ghnáthchúrsa, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Leagtar amach thíos comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2023, agus athruithe ón dáta sin i leith.

## Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2023

| Comhalta Boird | Slí bheatha | Comhlacht ainmniúcháin | Dáta ceaptha |
|---|---|---|---|
| Martin Sisk (Cathaoirleach) | Aturnae agus iar-rialtóir | An tAire | 21 Nollaig 2016 |
| Sandra Davey | Príomhoifigeach | Na Coimisinéirí Ioncaim | 26 Bealtaine 2022 |
| Clodagh Hegarty* | Léachtóir | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| David Hegarty | Ceann an dlí & an bheartais | An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 03 Eanáir 2020 |
| Aisling Kennedy | Stiúrthóir | An tAire | 10 Nollaig 2020 |
| Aisling McArdle | Ceann rialacháin, Euronext Dublin | ISE | 29 Lúnasa 2019 |
| Eida Mullins | Ceann feidhme: beartas baincéireachta, infheistíochta agus gnólachtaí íocaíochta | An Banc Ceannais | 16 Meán Fómhair 2022 |
| Ronan Nolan* | Cuntasóir cairte | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| Kevin Prendergast* | Príomhfheidhmeannach | *Ex-officio* | 14 Samhain 2016 |

* Léiríonn ballraíocht in CCF

## Mionsonraí aistriúcháin ar an mbord ón 1 Eanáir 2023 go dtí an dáta tuairiscithe

| Stiúrthóir | Dáta ceaptha | Comhlacht ainmniúcháin | Cúis an fholúntais | An téarma ag dul/imithe in éag |
|---|---|---|---|---|
| Ní dhearnadh aon cheapachán den sórt sin | | | | |

* Léiríonn ballraíocht i CCF

Chuir an bord tús le próiseas meastóireachta Inmheánach ar a fheidhmíocht féin in 2023 i mí na Nollag 2023. Thacaigh ceistneoir mionsonraithe leis an bpróiseas seo, agus pléadh ina dhiaidh sin ag an gcruinniú a bhí aige ar an 22 Eanáir 2024.

Féadfaidh an bord coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Bhí dhá choiste den sórt sin i bhfeidhm in 2023, is iad sin coiste athbhreithnithe Sceideal um Ábhar atá Forchoimeádta agus an coiste iniúchta agus riosca (CIR).

Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste agus leagtar amach a théarmaí tagartha i gCairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste. Ba iad comhaltaí an choiste ar an 31 Nollaig 2023 Aisling McArdle (an cathaoirleach), David Hegarty agus Ronan Nolan.

Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an Sceideal um Ábhar atá Forchoimeádta freisin agus is iad a théarmaí tagartha athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá ann cheana féin [sceideal um ábhar atá forchoimeádta] doiciméad agus leasuithe a mholadh. Ba iad comhaltaí an Sceidil um Ábhar atá Forchoimeádta ar an 31 Nollaig 2023 ná Aisling Kennedy (an cathaoirleach), Sandra Davey agus Ronan Nolan.

Reáchtáladh an chéad chruinniú den Sceideal Ábhar atá Forchoimeádta in 2024.

## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

| | Bord | CIR | Táillí san áireamh (€) | Speansais (€) |
|---|---|---|---|---|
| | Cruinnithe ar ar freastalaíodh/cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | | Nóta 1 | Nóta 2 |
| Martin Sisk (An Cathaoirleach) | 8/8 | | € 11,970 | € 5,508 |
| Kevin Prendergast (An Príomhfheidhmeannach) | 8/8 | | - | Nóta 3 |
| Sandra Davey | 8/8 | | - | € 228 |
| Clodagh Hegarty | 8/8 | | € 7,695 | € 119 |
| David Hegarty | 7/8 | 5/5 | - | € 273 |
| Aisling Kennedy | 7/8 | | € 7,695 | € 119 |
| Aisling McArdle | 6/8 | 5/5 | € 7,695 | € 119 |
| Eida Mullins | 7/8 | | - | € 119 |
| Ronan Nolan | 8/8 | 5/5 | € 7,695 | € 119 |

Nóta 1: Níl comhaltaí is fostaithe san earnáil phoiblí iad, an Príomhfheidhmeannach ina measc, i dteideal táillí a fháil.

Nóta 2: Chomh maith leis na costais atá leagtha amach sa Tábla seo, thabhaigh ÚMICÉ (Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann) costais €4,838 i leith oiliúna, fruiliú seomra agus caiteachas teagmhasach a bhaineann le gníomhaíochtaí boird.

Nóta 3: Ní áirítear speansais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach, stiúrthóir/comhalta boird ex officio, ar an tábla seo ar an mbunús go dtabhaíonn sé iad de bhun a róil mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar chomhalta boird. I gcás ar bith, nochtar aon speansas a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach go poiblí i ráitis airgeadais ÚMICÉ.

## Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Níor tháinig aon athrú ar bhallraíocht an bhoird sa tréimhse.

## Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

### *Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe*

Leagtar amach i nóta 13 de na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan fabhruithe pá saoire agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000.

### *Costais sainchomhairleoireachta*

Leagtar amach i nóta 16 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht.

### *Costais dlí agus socruithe*

Ní raibh aon socruithe dlí sa bhliain [2022: nialas]. Baineann na costais dlí a tabhaíodh le comhairle ghinearálta dlí.

### *Caiteachas taistil agus cothabhála*

Leagtar amach i nóta 15 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil.

### *Caiteachas fáilteachais*

Leagtar amach i Nóta 17 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

### *Ráiteas ar chomhlíonadh*

Chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## An Raon freagrachta

Thar ceann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mbord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ÚMICÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag ÚMICÉ ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, agus feidhmíonn duine acu mar an Cathaoirleach. De réir alt 907(2A) d’Acht 2014, tá gach comhalta foirne eolach sna réimsí atá ábhartha do riaradh iniúchóireachta reachtúla. Tháinig an CIR le chéile cúig huaire in 2023.

Cheap ÚMICÉ CrowleysDFK freisin mar iniúchóirí inmheánacha don tréimhse 2023–2025, ag a bhfuil na hacmhainní cuí chun tabhairt faoi chlár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste.

D’fhorbair ÚMICÉ beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a mheastar a oibreoidh laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca ÚMICÉ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag ÚMICÉ lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh ÚMICÉ agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is a bhíonn siad. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Coiste an clár ag gach cruinniú. Tuairiscítear rioscaí measartha agus suntasacha don bhord freisin, agus bíonn bainistíocht riosca ina mhír ar bhuanchlár cruinnithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ceannais sinsearach;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú;
- sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais don Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha, cuntasóir gairmiúil; agus
- déanann an Príomhfheidhmeannach agus an bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú.

## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag ÚMICÉ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ÚMICÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus an lucht ceannais sinsearach laistigh de ÚMICÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Feidhmíonn ÚMICÉ a fheidhmeanna agus úsáideann a chumhachtaí trí chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, a ainmníodh chun na críche sin de réir Acht 2014.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais, foilseacháin ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don tréimhse sin agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht 2014. Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú, a ullmhaíodh de réir ***FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann,*** éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú de réir cleachtais chuntasaíochta Éireannacha a bhfuil glacadh ginearálta leo agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta iomchuí, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh ÚMICÉ de bheith i bhfeidhm.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Foráiltear freisin in alt 927(1) d'Acht 2014 go gcoimeádfaidh ÚMICÉ '... taifid, agus ullmhóidh sé gach cuntas is cuí agus is gnách –

*(a)* *ar gach ioncam a gheobhaidh sé, lena n-áirítear taifid ar fhoinsí an ioncaim sin,*

*(b)* *ar gach caiteachas a thabhóidh sé, agus*

*(c)* *ar a shócmhainní agus a dhliteanais.'*

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**

FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 927 of the Companies Act 2014. The financial statements comprise the statement of financial position, the statement of income and expenditure, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland,* and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### *Conclusions related to going concern*

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting by the directors and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

### Opinion on matters prescribed by the Companies Act 2014

Based solely on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the report of the directors is consistent with the financial statements, and
- the report of the directors has been prepared in accordance with the Companies Act 2014.

I have obtained all the information and explanations that I consider necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not made. I have nothing to report in that regard.

## Report of the C&AG (continued)

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The directors have presented certain other information with the financial statements. This comprises the annual report including the report of the directors, the statement on internal control and the director's responsibility statement. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Andrew Harkness**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**6 June 2024**

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 4 | 36,355 | 53,337 |
| | | 36,355 | 53,337 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardal | | 1,573 | 1,743 |
| Infháltais | 5 | 414,497 | 229,621 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 6 | 1,805,454 | 1,898,344 |
| | | 2,221,524 | 2,129,708 |
| **Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 7 | 502,076 | 288,514 |
| Dreasacht cíosa iarchurtha | 8 | 6,710 | 6,710 |
| Barrachas ioncaim tobhaigh CCF | 9 | 596,078 | 598,147 |
| Barrachas ioncaim tobhaigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP | 9 | 151,535 | 336,607 |
| Barrachas Ioncaim Deontais Roinne | 9 | 283,983 | 271,089 |
| | | 1,540,382 | 1,501,067 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 681,142 | 628,641 |
| **Suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | |
| Dreasacht cíosa iarchurtha | 8 | 5,337 | 12,047 |
| | | 5,337 | 12,047 |
| **Glansócmhainní roimh sochair scoir** | | **712,160** | **669,931** |
| **Sochair scoir** | | | |
| Dliteanas sochair scoir | 10 | (6,192,000) | (4,800,000) |
| Maoiniú sócmhainne sochair scoir státchiste iarchurtha | 10 | 6,192,000 | 4,800,000 |
| **Glansócmhainní tar éis sochair scoir** | | **712,160** | **669,931** |
| Cúlchistí | | - | - |
| Cúlchiste ioncaim | 11 | 36,355 | 53,337 |
| Cuntas caipitil | | 675,805 | 616,594 |
| **Ciste cúltaca** | | **712,160** | **669,931** |
| **Cistí comhaltaí** | | | |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 12 | 4,732,941 | 4,285,077 |
| Speansais riaracháin | | | |
| Costais Foirne | 13 | 3,710,527 | 3,403,640 |
| Táillí na stiúrthóirí | 14 | 42,750 | 42,750 |
| Cóiríocht | | 339,452 | 301,960 |
| Taisteal agus cothabháil | 15 | 90,268 | 26,809 |
| Seirbhísí dlí agus gairmiúla | 16 | 77,605 | 71,871 |
| Caiteachas oifige | 17 | 70,342 | 101,974 |
| Teicneolaíocht faisnéise | | 133,525 | 90,191 |
| Forbairt ghairmiúil | | 131,081 | 130,201 |
| Árachas | | 41,727 | 36,462 |
| Luach saothair an iniúchóra | 18 | 17,800 | 17,800 |
| Dímheas | | 36,133 | 34,885 |
| Speansais riaracháin iomlána | | 4,691,210 | 4,258,543 |
| Barrachas ioncaim ar speansais riaracháin roimh chostais airgeadais | | **41,731** | **26,534** |
| Costais airgeadais | | 0 | 3,918 |
| Barrachas ioncaim ar speansais riaracháin tar éis costais airgeadais | | 41,731 | 22,616 |
| Ioncam Airgeadais | 19 | 498 | 0 |
| Barrachas don bhliain | | **42,229** | **22,616** |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| (Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | | (21,000) | 464,000 |
| Athruithe ar thoimhdí | | (783,000) | 5,409,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | | 804,000 | (5,873,000) |
| Barrachas iomlán aitheanta don bhliain | | **42,229** | **22,616** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**

# Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Cúlchiste ioncaim | Cuntas Caipitil | Ciste Cúltaca | GLANSÓCMHAINNÍ |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid – 1 Eanáir 2022** | **-** | **44,382** | **602,933** | **647,315** |
| Barrachas don bhliain | 22,616 | - | - | 22,616 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitlithe | (43,840) | 43,840 | - | - |
| Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne | 34,885 | (34,885) | - | - |
| Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca (diúltach) | 1,339 | - | (1,339) | - |
| Ioncam ó fhíneálacha – alt 934 | (15,000) | - | 15,000 | - |
| (Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsin | 4,887,000 | - | - | 4,887,000 |
| Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | (4,887,000) | - | - | (4,887,000) |
| **Iarmhéid – 31 Nollaig 2022 / 1 Eanáir 2023** | **-** | **53,337** | **616,594** | **669,931** |
| Barrachas don bhliain | 42,229 | - | - | 42,229 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitlithe | (19,151) | 19,151 | - | - |
| Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne | 36,133 | (36,133) | - | - |
| Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca | (189) | - | 189 | - |
| Ioncam ó fhíneálacha/socraithe - a.933/934 | (59,022) | - | 59,022 | - |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais pinsin | (1,392,000) | - | - | (1,392,000) |
| Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | 1,392,000 | - | - | 1,392,000 |
| **Iarmhéid – 31 Nollaig 2023** | **-** | **36,355** | **675,805** | **712,160** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 20 | (74,237) | 531,630 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe | | | |
| Ús a fuarthas | | 498 | - |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | | (19,151) | (43,840) |
| **(Laghdú) Méadú/ ar airgead agus coibhéisí airgid sa bhliain** | | **(92,890)** | **487,790** |
| | | | |
| **Réiteach glansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
| Méadú/(Laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain | 21 | (92,890) | 487,790 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | | 1,898,344 | 1,410,554 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig | | **1,805,454** | **1,898,344** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Martin Sisk**
**Cathaoirleach**
**4 Meitheamh 2024**

**Kevin Prendergast**
**Príomhfheidhmeannach**
**4 Meitheamh 2024**



FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDH-MEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH FHEIDHMEAN-NAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIR-EACHTA AGUS NA CUNTA-SAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORP-ARÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPAR-ÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir reachtaíocht infheidhme agus **Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann**, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Toisc nach mbíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan, chinn na stiúrthóirí gur cuí Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ina nochtar an barrachas nó an t-easnamh don bhliain seachas cuntas Brabúis agus Caillteanais dá bhforáiltear in alt 291(5) d'Acht 2014. Ar an gcaoi chéanna, tugtar an fhaisnéis ar fad sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais a nochtfaí seachas sin ar an gClár Comhardaithe.

De réir FRS 102, is éard atá sna Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

## 2 Beartais chuntasaíochta i bhfeidhm

### 2.1 Sócmhainní neamhreatha – dímheas

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag costas lúide dímheas carntha.

Muirearaítear an dímheas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir méid chothroim, agus ríomhtar an muirear thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní.

### 2.2 Fardal

Léiríonn stoic ar láimh amhail deireadh na tréimhse stoic earraí inchaite teicneolaíochta faisnéise agus earraí inchaite oifige, agus luaitear iad ag an luach is ísle idir an costas agus an glanluach inréadaithe.

### 2.3. Aithint ioncaim

Faigheann ÚMICÉ ioncam ó fhoinsí éagsúla chun íoc as an gcaiteachas a thabhaítear i riaradh a fheidhmeanna. Go ginearálta, aon suimeanna a fhaightear a bhí níos mó nó níos lú ná an caiteachas a tabhaíodh, aithnítear iad mar chreidiúnaí nó mar fhéichiúnaí faoi seach. Foráiltear le halt 921(1) d'Acht 2014 go laghdaíonn suimeanna barrachais an tsuim iníoctha don tréimhse airgeadais dár gcionn. Leagtar amach thíos bunús an mhaoinithe agus an beartas cuntasaíochta maidir le haithint ioncaim.

**Ioncam Tobhaigh**

| Foinse ioncaim | Cuspóir | Beartas aitheanta |
|---|---|---|
| **An Státchiste (*tríd* an Roinn)** | Maoiníonn an Státchiste 40% deghlanchaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach maoinítear ó na foinsí eile a liostaítear thíos. | Arna aithint de réir an chaiteachais a tabhaíodh i riaradh na feidhme sa tréimhse airgeadais. Aithnítear suimeanna a fhaightear sa bhreis ar an tsuim sin mar chreidiúnaithe. |
| **Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe** | Maoiníonn CCFanna 60% de ghlanchaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach maoinítearó na foinsí eile a liostaítear thíos. | |
| **Gnólachtaí iniúchóireachta Eintitis Leasa Phoiblí ('ELP')** | Maoiníonn gnólachtaí iniúchóireacht ELP costais a bhaineann le cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna | |
| **An Státchiste (*tríd* an Roinn)** | Maoiníonn an Státchiste costais a bhaineann lena fheidhmeanna faoi na Rialachain na Treorach um Thrédhearcacht. | |
| **Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ('CCAnna')** | CCAanna (CCFanna atá údaraithe chun iniúchóirí a aithint)Maoiníonn CCAnna (CCFanna atá údaraithechun iniúchóirí a aithint) costais a bhaineann le glacadh Caighdeán Cuntasaíochta lena n-úsáid in Éirinn | |
| **An Státchiste (*tríd* an Roinn)** | Úsáidtear an Ciste Cúltaca go príomha chun íoc as costais a bhaineann le fiosrúcháin reachtúla alt 933. Nuair a thagann tobhaigh chun cinn, muirearaítear iad don Státchiste agus CCFanna faoi seach i gcóimheas 40:60 faoi alt 919 d'Acht 2014 | Arna aithint ar dháta faofa an Aire. |

| Ioncam Neamh-thobhaigh | | |
|---|---|---|
| **Foinse ioncaim** | **Cuspóir** | **Beartas aitheanta** |
| **Ioncam ó fhíneálacha** | Ioncam a thagann as fíneálacha a ghearrann ÚMICÉ ar bhonn fiosrúcháin agus imscrúduithe reachtúla faoi ailt 933 agus 934 faoi seach d'Acht 2014, lóisteáiltear é sa Chiste Cúltaca, agus ní féidir é a úsáid ach chun íoc as costais fiosrúcháin nó imscrúdaithe a bhaineann leis an alt céanna sin. | Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte |
| **Aisghabháil costas imscrúdaithe** | Ag brath ar an gcineál sáraithe atá i gceist, maoiníonn ábhar an imscrúdaithe (an 'duine sonraithe') nó CCA dá bhfuil an duine sonraithe ina chomhalta, imscrúduithe faoi alt 934 d'Acht 2014. | Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte |
| **Táillí eintiteas iniúchóireachta tríú tír** | Úsáidtear an t-ioncam seo chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais a bhaineann le próiseáil iarratas ar aitheantas ó iniúchóirí nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad lena n-aithint in Éirinn. | Arna n-aithint tráth an chláraithe. Caithfear táillí cláraithe sa bhreis ar €40,000 a thabhairt ar ais don Roinn. |

### 2.4 An príomhphearsanra bainistíochta

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin é, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh.

### 2.5 Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí

Feidhmíonn ÚMICÉ Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin san earnáil phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 3 Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

### 3.1 Sochair Scoir

Leagtar amach an staid maidir le scéimeanna aoisliúntais ÚMICÉ i Nóta 11. I rannóg 28.10(a) de FRS 102, sainítear scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe mar *"phleananna sochair iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leith (ciste) agus ní bhíonn aon oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe air chun ranníocaíochtaí eile ná íocaíochtaí sochair dhírigh a íoc le fostaithe mura mbíonn dóthain sócmhainní sa chiste chun íoc as na sochair fostaithe ar fad a bhaineann le seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus roimhe sin. Dá bhrí sin, cinntear suim na sochar iarfhostaíochta a fhaigheann an fostaí bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí a d'íoc an t-eintiteas (agus an fostaí freisin b'fhéidir) le plean sochair iarfhostaíochta nó le hárachóir, i dteannta torthaí ar infheistíocht a eascraíonn as na ranníocaíochtaí"*. Caitear le gach scéim eile amhail scéimeanna Sochair Shainithe.

Go bunúsach, measann na stiúrthóirí go bhfuil an oibleagáid íoc as sochair scoir fós ar ÚMICÉ, ach gur thug an Státchiste tiomantas go dtabharfaí dóthain cistí do ÚMICÉ chun aon oibleagáid a bheadh ar ÚMICÉ a réiteach nuair atá siad dlite, ar choinníoll go n-íocann ÚMICÉ ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra leis an Roinn ag rátaí a shonraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. D'ainneoin gur dheimhnigh an Státchiste go n-íocfaidh sé as gach dliteanas a thagann chun cinn le haghaidh fhostaithe ÚMICÉ (agus a gcéilí, a bpáirtithe shibhialta agus a bpáistí) má dhéantar ranníocaíocht sheasta leis, tá na stiúrthóirí fós den tuairim go bhfanann an oibleagáid chonartha idir an tÚdarás agus a fhostaithe. Mar gheall air sin, leanann na stiúrthóirí ag plé leis na scéimeanna mar scéimeanna Sochair Shainithe. Dá réir, aithníonn na ráitis airgeadais Oibleagáid Sochar Scoir agus Maoiniú Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

## 4 Sócmhainní neamhreatha

| | Trealamh TF | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Dímheasa | 33.33%<br>€ | 20%<br>€ | 12.5%<br>€ | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 201,089 | 65,456 | 88,520 | 355,065 |
| Méideanna breise | 17,310 | 1,841 | - | 19,151 |
| Diúscairtí | (17,798) | - | - | (17,798) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **200,601** | **67,297** | **88,520** | **356,418** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 173,380 | 48,883 | 79,465 | 301,728 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 21,769 | 6,007 | 8,357 | 36,133 |
| Diúscairtí | (17,798) | - | - | (17,798) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **177,351** | **54,890** | **87,822** | **320,063** |
| **GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 27,709 | 16,573 | 9,055 | 53,337 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **23,250** | **12,407** | **698** | **36,355** |

### 4.1 Non-current assets 2022

| | Trealamh TF | Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Dímheasa | 33.33%<br>€ | 20%<br>€ | 12.5%<br>€ | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 166,765 | 64,606 | 88,341 | 319,712 |
| Méideanna breise | 34,324 | 9,337 | 179 | 43,840 |
| Diúscairtí | - | (8,487) | - | (8,487) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **201,089** | **65,456** | **88,520** | **355,065** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 154,875 | 50,675 | 69,780 | 275,330 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 18,505 | 6,695 | 9,685 | 34,885 |
| Diúscairtí | - | (8,487) | - | (8,487) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **173,380** | **48,883** | **79,465** | **301,728** |
| **GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 11,890 | 13,931 | 18,561 | 44,382 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **27,709** | **16,573** | **9,055** | **53,337** |

## 5 Infháltais

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | 168,165 | 57,381 |
| Féichiúnaithe CCF* | 47,369 | 3,710 |
| Eile | 198,963 | 168,530 |
| | **414,497** | **229,621** |

## 6 Airgead agus coibhéisí airgid

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Banc – taisce fógra (Cúlchiste) | 616,783 | 302,033 |
| Banc – taisce fógra (Neamh Chúlchiste) | 717,438 | 717,127 |
| Banc – reatha | 471,189 | 879,140 |
| Airgead ar Láimh | 44 | 44 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid iomlána** | **1,805,454** | **1,898,344** |

## 7 Suimeanna iníoctha

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Pá agus bainteach le pá | 171,996 | 152,805 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 11,826 | 1,444 |
| Seirbhísí dlí agus gairmiúla | 9,288 | 43,317 |
| Creidiúnaithe Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | 65,429 | 53,349 |
| Creidiúnaithe CCF* | 89,264 | 21,098 |
| Eile | 154,273 | 16,501 |
| | **502,076** | **288,514** |

## 8 Cóiríocht ar léas, dreasacht cíosa iarchurtha

Íocann Oifig na nOibreacha Poiblí cíosanna a bhíonn dlite faoi léasanna leis an léasóir, agus déanann iad a aisghabháil ó ÚMICÉ gach ráithe de réir comhaontú. Muirearaítear cíosanna ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh chun críche in 2005 maidir leis an dara hurlár, Willow House, Páirc na Míolaoise, an Nás, bhain ÚMICÉ tairbhe as tréimhse saor ar chíos ag tús an léasa sin. Roinneadh luach na dreasachta sin thar imeacht shaolré an léasa. De bharr an chur chuige sin, tá muirear €27,652 sna ráitis airgeadais ar dháta an chorpraithe agus dreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, a fhuasclófar chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar imeacht thréimhse an léasa.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh chun críche in 2016 maidir leis an gcéad urlár, Willow House, bhain ÚMICÉ tairbhe as tréimhse sé mhí eile saor ar chíos ag tús an léasa sin go dtí an 14 Márta 2017. Roinnfear luach na dreasachta thar imeacht shaolré an léasa, i.e. go dtí an 14 Meán Fómhair 2025. De bharr an chur chuige sin, tá muirear €40,630 sna ráitis airgeadais agus dreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, a fhuasclófar chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar imeacht thréimhse an léasa.

Is é luach na ndreasachtaí sin amhail an 31 Nollaig atá le fuascailt chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | **An Chéad Urlár €** | **An Dara hUrlár €** | **An Chéad Urlár €** | **An Dara hUrlár €** |
| - laistigh de bhliain amháin | 5,258 | 1,452 | 5,258 | 1,452 |
| - laistigh de 2 bhliain go 5 bliana | 3,821 | 1,516 | 9,079 | 2,968 |
| - níos faide ná cúig bliana | - | - | - | - |
| | **9,079** | **2,968** | **14,337** | **4,420** |

## 9 Féichiúnaí Deontais Státchiste/Tobhach CCF Tugtha Ar Aghaidh

Mar a shonraítear i Nóta 2, faightear ioncam ó fhoinsí éagsúla. Leagtar amach thíos na suimeanna aitheanta i dteannta iarmhéideanna dheireadh na bliana.

### 9.1 Ríomh an Ghlanchaiteachais

| | | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ollchaiteachas de réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas | | 4,691,210 | 4,258,543 |
| Coigeartaigh le haghaidh: | | | |
| Méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh le haghaidh fálacha caipitil | | (16,982) | 8,955 |
| Costais airgeadais | | - | 3,918 |
| Caiteachas a bhain leis an gCiste Cúltaca (Nóta 2.3) | | - | (1,339) |
| | | 4,674,228 | 4,270,077 |
| Lúide: | | | |
| Ús ciste neamh-chúlchiste infhaighte | | 309 | - |
| Ioncam ó chlárú eintitis iniúchóireachta tríú tír | | 53,999 | 62,947 |
| **Glanchaiteachas don bhliain** | | **4,619,920** | **4,207,130** |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith an Státchiste | | | |
| i. An Treoir um Thrédhearcacht (100%) (Nóta 2.3) | 876,337 | | |
| ii. Barrachas ioncaim ó Eintitis Iniúchóireachta Tríú Tír (Nóta 2.3) | (13,999) | | |
| iii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (40% den iarmhéid) | 456,195 | 1,318,533 | 1,211,884 |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith CCFanna | | | |
| i. Glacadh Caighdeán Iniúchóireachta (100%) (Nóta 2.3) | 423,629 | | |
| ii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (60% den iarmhéid) | 684,293 | 1,107,922 | 1,075,853 |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith na nGnólachtaíIniúchóireachta ELP | | 2,193,465 | 1,919,393 |
| | | **4,619,920** | **4,207,130** |

### 9.2 Ríomh Deontais Státchiste/Tobhaigh Tugtha Ar Aghaidh

| | Státchiste | CCFanna | Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023 | **(271,089)** | **(598,147)** | **(336,607)** | **(1,205,843)** |
| **Ioncam le haghaidh cuspóirí sonracha** | | | | |
| Glacadh caighdeán iniúchóireachta | | 423,629 | | 423,629 |
| Cigireacht ar ELPanna | | | 2,193,465 | 2,193,465 |
| An Treoir um Thrédhearcacht | 876,337 | | | 876,337 |
| Glanchaiteachas | 442,196 | 684,293 | | 1,126,489 |
| **Ioncam aitheanta in Ioncam agus Caiteachas (Nóta 13)** | **1,318,533** | **1,107,922** | **2,193,465** | **4,619,920** |
| Méideanna infhaighte in 2023 | (1,331,427) | (1,105,853) | (2,008,393) | (4,445,673) |
| Gluaiseacht 2023 | **(12,894)** | **2,069** | **185,072** | **174,247** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2023** | **(283,983)** | **(596,078)** | **(151,535)** | **(1,031,596)** |

## Sochair Scoir

### 10.1 Forléargas

Foráiltear le halt 926(1) d'Acht 2014 nach bhféadfaidh ÚMICÉ scéim aoisliúntais a bhunú ach le faomhadh an Aire Fiontar, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ('na hAirí'). D'ullmhaigh ÚMICÉ tograí agus chuir faoi bhráid na nAirí iad maidir le céilí, páirtithe sibhialta agus páistí fostaithe agus fostóirí (bunaithe ar 'Scéimeanna Samhla' sochair shainithe na státseirbhíse). Cuireadh na scéimeanna faoina mbráid de bhun na forála comhfhreagraí in Acht 2003, agus d'fhaomh na hAirí iad ar an 29 Samhain 2010 agus an 5 Nollaig 2012 faoi seach. Tá na scéimeanna bunaithe ar scéimeanna 'samhla' na státseirbhíse mar a shonraítear ar an suíomh gréasáin www.cspensions.gov.ie . Bunaítear na sochair faoi na scéimeanna sin ar thuarastal deiridh na gcomhaltaí.

Tá fostaithe a chuaigh isteach sa tseirbhís phoiblí ón 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den Scéim Aonair (mar a leagtar amach i Nóta 2.5). Is scéim sochair shainithe í sin, ina mbíonn na sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairme.

Go hachomair, is iad na socruithe le haghaidh na scéimeanna ar fad:

I. íoctar ranníocaíochtaí scéime fhostaithe ÚMICÉ leis an Roinn;

ii. íocann ÚMICÉ ranníocaíocht an fhostóra leis an Roinn, agus socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ráta na ranníocaíochta sin. Ba ionann an ráta infheidhme in 2023 agus 25% [2022: Ba é 25% [2021: 25%] an ráta infheidhme in 2021, lenar bhain srian de thrí oiread na ranníocaíochta fostaí le haghaidh chomhaltaí na Scéime Aonair;

iii. mar chúiteamh ar íocaíocht ranníocaíocht na bhfostaithe agus an fhostóra léi, thug an Roinn tiomantas go n-íocfaidh an Státchiste go hiomlán as aon sochar a bheidh dlite d'fhostaithe ÚMICÉ agus/ná dá gcéilí, a bpáirtithe sibhialta agus a bpáistí de réir mar a bhíonn siad dlite.

Dliteanais na scéime a léirítear le luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí a thuill foireann ÚMICÉ go dtí seo, tomhaistear iad ar bhonn achtúireach le modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsean sochair a thuill foireann ÚMICÉ, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean na bhfostaithe, a choinníonn an Roinn. An tsuim atá le háireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh shuim an Mhaoinithe Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha, meastar go bhfuil sí ar cóimhéid le meastachán na hoibleagáide le haghaidh dhliteanais na scéime pinsin.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí, aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid don Mhaoiniú Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Déantar ranníocaíochtaí an fhostóra, a mhuirearaítear ar ráta a ghearrann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a choinníonn an Státchiste, a mhuirearú nó a chur chun sochair ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa mhéid a sháraíonn nó a mbíonn siad níos lú ná na costais phinsean faoi seach mar atá thuasluaite.

### 10.2 Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh ÚMICÉ luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe amhail dáta an chláir chomhardaithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Rinneadh an luacháil sin, a bunaíodh ar mhodh an Aonaid Réamh-mheasta, ar bhonn na dtoimhdí a leanas:

| | Amhail 31-12-2023 | Amhail 31-12-2022 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 3.10% | 3.25% |
| Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc | 2.60% | 2.75% |
| Ráta lascaine | 3.60% | 4.30% |
| Toimhde maidir le boilsciú | 2.10% | 2.25% |
| Ionchas saoil ag 70 bliain d'aois: | | |
| Pinsinéirí reatha – fireanna | 17.6 bliana | 17.5 bliana |
| Pinsinéirí reatha – baineanna | 19.7 bliana | 19.5 bliana |
| Pinsinéirí sa todhchaí – fireanna | 19.7 bliana | 18.9 bliana |
| Pinsinéirí sa todhchaí – baineanna | 21.6 bliana | 21.5 bliana |

Bunaithe ar a bhfuil thuas, is é luach reatha na ndliteanas ar dháta an chláir chomhardaithe €6,192,000 [2022: €4,800,000], agus is é an costas seirbhíse (bunaithe ar na toimhdí thuasluaite) don bhliain €147,000 [2022: €672,000). Tá roinnt d'fhoireann ÚMICÉ tar éis seirbhís a charnadh i bpoist eile sa tseirbhís phoiblí ach níl siad tar éis leas a bhaint as an rogha an tseirbhís sin a aistriú chuig ÚMICÉ go dtí seo.

### 10.3 Anailís ar chostais phinsean iomlána a muirearaíodh ar Ioncam agus Caiteachas

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí fostóra iomlána | 526,349 | 483,570 |
| *Costas seirbhíse reatha | 381,000 | 889,000 |
| Costais úis | 222,000 | 137,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean Státchiste iarchurtha | (603,000) | (1,026,000) |
| Iomlán muirearaithe ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus | **526,349** | **483,570** |

*Ranníocaíochtaí fostaithe ar luach iomlán €234,031 [2022: *Áiríodh ranníocaíochtaí fostaí dar iomlán €217,456 [2021: €217,456] sa ríomh ar an gcostas seirbhíse reatha.

FÍS
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA
ÁR BHFEIDHMEANNA
BUAICPHOINTÍ 2023
1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
2: CAIGHDEÁIN AGUS BEARTAS
3: MAOIRSEACHT AR GHAIRM NA hINIÚCHÓIREACHTA AGUS NA CUNTASAÍOCHTA
4: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT AN TUAIRISCITHE CHORPRÁIDIGH
5: MAOIRSEACHT AR INIÚCHTAÍ AR EINTITIS LEASA PHOIBLÍ
6: FORFHEIDHMIÚ
7: SEIRBHÍSÍ CORPRÁIDEACHA
8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR
10: RÁITIS AIRGEADAIS 2023 AGUS RÁITIS GHAOLMHARA
AGUISÍNÍ

### 10.4 Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsean amhail an 1 Eanáir | 4,800,000 | 9,687,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 381,000 | 889,000 |
| Costas Úis | 222,000 | 137,000 |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | 21,000 | (464,000) |
| Athruithe ar thoimhdí | 783,000 | (5,409,000) |
| Sochair íoctha sa bhliain (slánaithe) | (15,000) | (40,000) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig | **6,192,000** | **4,800,000** |

### 10.5 Stair dliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanas ó thaithí

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ | 2021<br>€ | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Scéime | 6,192,000 | 4,800,000 | 9,687,000 | 8,137,000 | 5,266,000 |
| Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 21,000 | (464,000) | 548,000 | 257,000 | 313,000 |
| Athruithe ar thoimhdí | 783,000 | (5,409,000) | 68,000 | 1,915,000 | 507,000 |

## 11 Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an luach ioncaim gan amúchadh a úsáideach chun críche caipitil (i.e. fálacha sócmhainní).

## 12 Ioncam

### 12.1 Clár Caiteachais Faofa

D'fhaomh an tAire Clár Caiteachais ÚMICÉ don bhliain faoi alt 911(1) d'Acht 2014, a bhí

